# New Decade, New Approach



# Deich mBliana Nua,
# Cur Chuige as an Nua

**Mí Eanáir 2020**

# Clár

**An Comhthéacs agus na Freagrachtaí 4**

# Socrú Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua

**Cuid 1: Tosaíochtaí an Fheidhmeannais Athbhunaithe 6**

**Cuid 2: Comhaontú Foirmithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann 12**

**Iarscríbhinn A: Tiomantais Rialtas na Ríochta Aontaithe do Thuaisceart Éireann 50**

**Iarscríbhinn B: Tiomantais Rialtas na hÉireann 63**

# An Comhthéacs agus na Freagrachtaí

1. D'fhoilsigh an Ró-Onórach Julian Smith CBE MP, Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann, agus Simon Coveney TD, Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an téacs socraithe seo chun rialtas cineachta a athbhunú i dTuaisceart Éireann.

2. Cuirfidh an socrú athrú ó bhonn ar sheirbhísí poiblí agus cothóidh sé muinín an phobail arís i rialtas cineachta, agus cuireadh ar an gclár cainteanna é ag Teach Stormont ionas go dtiocfadh na páirtithe polaitiúla i dTuaisceart Éireann ar comhaontú faoi.

3. Tionóladh na cainteanna sin chun na hinstitiúidí a cruthaíodh le Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) a chur ar ais agus, go háirithe, chun Feidhmeannas Thuaisceart Éireann a athbhunú, a bheadh ag obair ar son mhuintir Thuaisceart Éireann ar bhonn cobhsaí agus inbhuanaithe.

4. Ba iad Rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a bhí rannpháirteach sna cainteanna sin, agus an dá Rialtas rannpháirteach de réir a bhfreagrachtaí faoi seach, mar aon leis na cúig phríomhpháirtí i dTuaisceart Éireann.

5. Mhair an cur is cúiteamh roinnt míonna, rinneadh iniúchadh mór ar na ceisteanna go léir agus bhí deis ag gach rannpháirtí moltaí a chur chun cinn.

**Is bunús cóir agus cothrom é an margadh Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua ar a bhféadfar na hinstitiúidí a athbhunú. Tá na tiomantais a thug gach Rialtas ceangailte anseo mar iarscríbhinní ar mhaithe le faisnéis a thabhairt do na rannpháirtithe agus don phobal. Tá gach Rialtas faoi seach freagrach astu, agus ní iarrtar ná ní éilítear aon chomhaontú ó na páirtithe maidir leis na tiomantais sin.**

# Socrú Deich mBliana Nua, Cur Chuige as an Nua

**Seo a leanas an socrú atá Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Rialtas na hÉireann ag iarraidh ar na páirtithe a fhormhuiniú mar bhunús chun an Feidhmeannas a athbhunú.**

# Cuid 1: Tosaíochtaí an Fheidhmeannais Athbhunaithe

*Taifeadtar na tosaíochtaí a d'aontódh na páirtithe le haghaidh Feidhmeannas nua sa mhír seo.*

Tá na páirtithe ar aon intinn maidir le slí chun cinn le haghaidh Feidhmeannas athbhunaithe chun tús a chur leis an obair phráinneach a chaithfear a dhéanamh chun seirbhísí poiblí a neartú agus dul i ngleic le dúshláin láithreacha i bpríomhréimsí ar nós an geilleagar a fhás, sláinte, oideachais agus tithíochta. Ciallaíonn Feidhmeannas athbhunaithe **formhaoirseacht agus cinnteoireacht pholaitiúil áitiúil a bhfuil géarghá leo.** Cruthófar athruithe dearfacha leis an bhFeidhmeannas i réimsí a mbíonn tionchar mór acu ar shaol daoine, ar nós an gheilleagair, ospidéil róphlódaithe, scoileanna atá ag streachailt, brú tithíochta, imní faoi fholláine agus meabhairshláinte. Beidh **Clár ilbhliantúil Rialtais** i bhfeidhm, a mbeidh **buiséad ilbhliantúil agus clár reachtúil** aige mar thaca.

D'aontaigh na páirtithe gur chóir go mbeidís seo a leanas mar thosaíochtaí don Fheidhmeannas athbhunaithe láithreach bonn:

**> Ár seirbhís sláinte a athrú ó bhonn** le straitéis maoinithe fhadtéarmach. Déanfaidh an Feidhmeannas an méid seo a leanas:

- **socróidh sé an chonspóid leanúnach maidir le pá;**
- **tabharfaidh sé plean nua gníomhaíochta isteach maidir le tréimhsí feithimh;** agus
- **déanfaidh sé athchóiriú ar chúram sláinte agus sóisialta** mar a leagtar amach i dtuarascálacha *Bengoa, Delivering Together* agus *Power to People*.

Ní bheidh aon duine a bhí ag fanacht os cionn bliana an 30 Meán Fómhair 2019 ar mheasúnú/chóireáil mar othar seachtrach nó cónaitheach ar liosta feithimh faoi mhí an Mhárta 2021.

Déanfaidh an Feidhmeannas **athchumrú ar an soláthar ospidéal chun torthaí níos fearr a chinntiú d'othair**, anuas ar sheirbhísí níos cobhsaí agus foirne oibre níos inbhuanaithe. Déanfar feabhsuithe i gcúram stróic, measúnú cíche, agus i gcúram práinneach agus éigeandála agus i gcúram lae roghnach faoi dheireadh na bliana 2020.

Déanfaidh an Feidhmeannas **900 áit bhreise altranais agus cnáimhseachais ar chláir fochéime a sholáthar** freisin thar imeacht trí bliana.

Breithneoidh an Feidhmeannas an scóip atá ann athrú a chur ar an gcaoi a dtomhaistear amanna feithimh, mar léiriú ar an aistear iomlán a ghlacann an t-othar ó tharchur go dtí go bhfaightear cóireáil, le spriocanna iomchuí.

Foilseoidh an Feidhmeannas **Plean Gníomhaíochta Meabhairshláinte** taobh istigh de dhá mhí; Straitéis Meabhairshláinte faoi mhí na Nollag 2020; straitéis chomharbais agus plean gníomhaíochta leis an **Treo Straitéiseach maidir le hAlcól agus Drugaí: Céim 2** laistigh de thrí mhí; agus **straitéis nua agus plean forfheidhmithe maidir le hailse** faoi mhí na Nollag 2020.

Forbróidh an Feidhmeannas acmhainn i gcleachtas ginearálta trí **fhorchéimniú leanúnach foirne ildisciplíneacha chun 100,000 othar eile a chumhdach** faoi mhí an Mhárta 2021.

Soláthróidh an Feidhmeannas infheistíocht mhéadaithe chun **feabhsuithe seirbhíse a chur chun feidhme go hiomlán le haghaidh cúram maolaitheach agus deireadh saoil,** lena n-áirítear an rannchuidiú a thugann an ospís a fheabhsú, agus tacaíocht le haghaidh cúram maolaitheach imbhreithe a mhéadú.

Soláthróidh an Feidhmeannas **trí chúrsa maoinithe de chóireáil IVF**.

Leathnóidh an Feidhmeannas an soláthar ollscoile ag Coláiste Mhig Aoidh ag teacht le tiomantais a rinne an Feidhmeannas roimhe sin, lena n-áirítear **Scoil Leighis Iontrála do Chéimithe** a bhunú.

**> Seirbhísí poiblí eile a athrú ó bhonn,** go háirithe i gcúrsaí oideachais agus ceartais.

Déanfaidh an Feidhmeannas **díospóid thionsclaíoch reatha na múinteoirí a réiteach agus déanfar é sin ar bhonn práinne**. **Gabhfaidh sé i ngleic freisin le hacmhainní a chur i dtreo brú i scoileanna**, ag cinntiú go mbeidh croí-bhuiséad inbhuanaithe ag gach scoil chun oideachas den scoth a sholáthar.

Déanfaidh an Feidhmeannas **athbhreithniú seachtrach, neamhspleách ar an soláthar oideachais a bhunú**, ag díriú ar éifeachtúlacht níos mó a bhaint amach i gcostais seachadta, caighdeáin a ardú, rochtain ar an gcuraclam le haghaidh gach dalta, agus na hionchais maidir le bogadh i dtreo córais oideachais aonair.

D’fhonn cuidiú chun sochaí chomhroinnte agus chomhtháite a thógáil, tabharfaidh an Feidhmeannas **tacaíocht chun oideachas a chur ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil cúlraí difriúla acu le chéile** sa seomra ranga.

Bunóidh an Feidhmeannas grúpa saineolaithe chun imscrúdú a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta agus é a mholadh chun **dul i ngleic le naisc idir tearcghnóthachtáil oideachais leanúnach agus cúlra socheacnamaíoch**, lena n-áirítear na fadhbanna seanbhunaithe a bhíonn os comhair buachaillí Protastúnacha den lucht oibre.

Déanfaidh an Feidhmeannas **creat nua maidir le riachtanais speisialta oideachais a sholáthar** chun tacú le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu chun a lánchumas a bhaint amach.

Déanfaidh an Feidhmeannas **líon na bpóilíní a mhéadú go dtí 7,500.** Soláthróidh an Feidhmeannas athchóiriú cimithe chun **dlús a chur faoin gcóras ceartais choiriúil,** a rachaidh chun leasa íospartach agus finnéithe.

Rachaidh an Feidhmeannas i ngleic leo seo a leanas freisin:

- **na torthaí i dtuarascálacha a foilsíodh le déanaí ón gCigireacht ar Cheartas Coiriúil Thuaisceart Éireann**, agus

- **tuarascáil Sir John Gillen maidir le láimhseáil cásanna tromchúiseacha cionta gnéis**, agus soláthróidh sé na hathruithe riachtanacha maidir le hiompar agus bainistíocht cásanna.

Déanfar **athchóiriú breise ar Státseirbhís TÉ.**

Déanfar **athbhreithniú ar Chomhlachtaí Páirtspleácha d'fhonn iad a chuíchóiriú**.

**> Ag infheistiú don todhchaí** lena chinntiú go mbeidh sé ar chumas Thuaisceart Éireann deiseanna a thapú agus táirgiúlacht inbhuanaithe a spreagadh, lena n-áirítear deiseanna trádála sa todhchaí de réir mar a fhágaimid an AE. Tá athrú as cuimse tagtha ar an gcomhthéacs eacnamaíoch le trí bliana anuas. **Tosaíocht mhór a bheidh ann don Fheidhmeannas geilleagar a bheidh cothrom ar bhonn réigiúnach agus ina mbeidh deiseanna do chách a fhorbairt.**

Déanfaidh an Feidhmeannas infheistíocht straitéiseach lena chinntiú go mbeidh an meascán ceart scileanna ag TÉ chun geilleagar faoi bhláth a bhaint amach.

Chun borradh a chur faoin ngeilleagar, déanfaidh an Feidhmeannas **soláthar na dtionscadal bonneagair riachtanach a spreagadh**, Acomhal York Street ina measc, d'fhonn Tuaisceart Éireann atá réidh le haghaidh todhchaí chomhroinnte rathúil a thógáil.

Tabharfaidh an Feidhmeannas tús áite don chumas eacnamaíoch a chruthaítear le City Deals do Réigiún Bhéal Feirste agus Dhoire a chur i gcrích, lena n-áirítear trí **mhaoiniú caipitil meaitseáilte do thionscadail bonneagair, athghiniúna agus turasóireachta**. Oibreoidh an Feidhmeannas le Rialtas na Ríochta Aontaithe chun na Margaí Fáis a fhorbairt agus a sholáthar le haghaidh Lár, Dheisceart agus Iarthar Thuaisceart Éireann agus Chósta agus Ghleannta Chlochán an Aifir.

Déanfaidh an Feidhmeannas **infheistíocht phráinneach i mbonneagar fuíolluisce** a bhfuil a acmhainn sroichte aige nó gar do bheith sroichte aige i gcuid mhaith áiteanna ar fud Thuaisceart Éireann, Béal Feirste ina measc, rud a chuireann teorainn le fás.

Tabharfaidh an Feidhmeannas **tuilleadh imeachtaí móra ar nós an Chraobhchomórtais Oscailte go Tuaisceart Éireann** – ag baint tairbhe as na láidreachtaí atá ionainn agus ag

cur borradh faoinár ngeilleagar. Cuirfidh an Feidhmeannas dlús freisin faoin **athchóiriú ar dhlíthe ceadúnaithe**.

Rachaidh an Feidhmeannas **ar aghaidh lena chuid pleananna chun na Cláir Staideanna Réigiúnacha agus Fo-réigiúnacha, Páirc Mhic Easmainn ina measc, a chur i gcrích**.

Rachaidh an Feidhmeannas **i ngleic le hathrú aeráide ceann ar aghaidh** le straitéis chun **dul i ngleic leis na tionchair láithreacha agus fhadtéarmacha atá ag an athrú aeráide**.

Déanfaidh an Feidhmeannas **reachtaíocht agus spriocanna a thabhairt isteach chun astaíochtaí carbóin a laghdú** ag teacht le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide.

Mar thacaíocht do chuspóirí eacnamaíocha agus oideachais araon, déanfaidh an Feidhmeannas **cur chuige feabhsaithe a fhorbairt i leith comhairle i dtaca le slite beatha, curaclam, oiliúint agus printíseachtaí** d'fhonn infhostaitheacht a fheabhsú agus tacú le fás eacnamaíoch.

**> Sochaí chothrom agus atruach a sholáthar** ina dtacaítear le teaghlaigh atá ag obair agus leis na daoine is leochailí. Forbróidh an Feidhmeannas **Straitéis in aghaidh na Bochtaineachta** agus cuirfidh sé chun feidhme í.

Athdhearbhaíonn na páirtithe a dtiomantas do **dhul i ngleic leis an bparaimíleatachas**. Beidh sé mar thosaíocht i gClár nua an Rialtais deireadh a chur leis an díobháil atáthar a dhéanamh de bharr paraimíleatachais.

Díreofar laistigh de Chlár an Rialtais ar **dheireadh a chur le seicteachas** agus cuirfear straitéisí agus gníomhaíochtaí tacaíochta láidre i bhfeidhm.

Ach reachtaíocht a thabhairt isteach chun cumainn tithíochta a athaicmiú, cuirfidh an Feidhmeannas **ar chumas na gcumann tithíochta leanúint ag tógáil tithíocht shóisialta nua agus tithíocht idirmheánach**, lena n-áirítear an Scéim Tithíochta Comhúinéireachta, tar éis mhí an Mhárta 2020. Cuirfear tithíocht san áireamh mar thosaíocht shonrach i gClár an Rialtais. Cuirfidh an Feidhmeannas **feabhas freisin ar infheistíocht agus comhaontóidh sé sprioc nua le haghaidh tithe nua sóisialta agus inacmhainne a thosú** agus rachaidh sé i ngleic leis an riaráiste cothabhála i measc réadmhaoin Fheidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann.

Déanfaidh an Feidhmeannas scrúdú ar roghanna chun **deireadh a chur le fiachas stairiúil** ó Fheidhmeannacht Tithíochta TÉ agus **eisiafaidh sé í ón dualgas Cáin Chorparáide a íoc**, agus socróidh sé **treocht fhadtéarmach le haghaidh na muirear cíosa** do thithe Fheidhmeannacht Tithíochta TÉ a bheidh inbhuanaithe agus inacmhainne do thionóntaí.

Déanfaidh an Feidhmeannas **bearta maolaithe leasa reatha a leathnú** i ndiaidh mhí an Mhárta 2020, tráth a bhfuil siad ar tí dul in éag.

Leanfaidh an Feidhmeannas air le **scéim sásaimh d'íospartaigh agus do mharthanóirí mí-úsáide stairiúla** a chur chun feidhme, agus déanfaidh sé íocaíochtaí a luaithe agus is féidir.

Déanfaidh an Feidhmeannas **Straitéis Cúram Leanaí a fhoilsiú** agus sainaithneoidh sé na hacmhainní chun soláthar leathnaithe, inacmhainne agus ardchaighdeáin de thionscnaimh luathoideachais agus cúraim a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil leanaí idir 3-4 bliana d'aois acu.

Fulaingíonn teaghlaigh briseadh mór nuair a chailltear leanbh. Déanfaidh an Feidhmeannas **ciste sochraide linbh a bhunú**, chun an t-ualach a mhaolú do theaghlaigh a bhíonn ag fulaingt go géar.

Bainfidh an Feidhmeannas amach **cothromaíocht i dtacaíocht airgeadais d'íospartaigh** a d'fhulaing de bharr fuil éillithe i dTuaisceart Éireann leo sin i Sasana.

### > Clár nua Rialtais a fhorbairt

Beidh deis ag daoine agus ag pobail Clár an Rialtais agus an buiséad amach anseo a mhúnlú, trí rannpháirtíocht agus comhdhearadh na saoránach.

Cuirfidh Plean Soláthair Torthaí Státseirbhís TÉ an bunús ar fáil le haghaidh clár oibre don Fheidhmeannas ina leagfar síos na gníomhartha a bhfuil tosaíocht acu agus a ghlacfar as seo go ceann cúpla mí. Aithníonn na páirtithe gurb iomaí dúshlán atá le sárú ag an bhFeidhmeannas athbhunaithe agus nach mbeifear in ann dul i ngleic leo sin go meántéarmach ná go fadtéarmach. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá na páirtithe meáite ar oibriú le chéile láithreach chun Clár uaillmhianach Rialtais a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe go daingean ar rathúnas agus folláine a fheabhsú do chách. Léireoidh an clár sin bealaí nua oibre a chinnteoidh go bhfuil an Feidhmeannas cuntasach go trédhearcach agus le chéile don Tionól agus do shaoránaigh.

# Cuid 2: Comhaontú Foirmithe Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann

*Léiríonn an mhír seo an socrú a d'aontódh na Páirtithe chun Institiúidí Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) a athbhunú.*

**Cur chuige as an nua maidir le rialtas i dTuaisceart Éireann**

1. Tá cur chuige nua maidir le rialtas i dTuaisceart Éireann le brath sa chomhaontú seo. **Fágann sé go mbeifear in ann institiúidí uile Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) a athbhunú go hiomlán**, lena n-áirítear an Feidhmeannas, an Tionól, an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, Comhairle na Breataine-na hÉireann agus Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann. Tá raon tograí sonracha ann chun an rialtas a dhéanamh níos fearr, ó athruithe ar an gCód Aireachta go dtí cur chuige nua maidir leis an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha. Tá tiomantas ann freisin chun athchóiriú breise a dhéanamh chun torthaí an fhiosraithe maidir leis an Dreasacht Teasa In-Athnuaite a chur san áireamh.

2. Is iarracht as an nua atá sa chomhaontú seo ó pháirtithe polaitiúla Thuaisceart Éireann Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) a chur chun feidhme agus, ach é a shíniú, tugann na páirtithe tiomantas le beocht as an nua do rialú ar mhaithe le gach duine i dTuaisceart Éireann.

*Trédhearcacht, cuntasacht agus feidhmiú an Fheidhmeannais*

3. Tá ról ag gach Aire agus státseirbhíseach, comhairleoirí speisialta ina measc, **chun muinín na saoránach a atógáil** i bhfeidhmiú riaracháin sa todhchaí. Athdhearbhaíonn na páirtithe a dtiomantas do thrédhearcacht níos mó agus socruithe rialachais níos fearr atá dírithe ar mhuinín an phobail a dhaingniú agus a chothú. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an fhiosruithe phoiblí ar scéim na Dreasachta Teasa In-Athnuaite.

4. D'aontaigh na páirtithe dá bhrí sin **pacáiste uaillmhianach beart chun socruithe trédhearcachta agus rialachais a neartú** sa Tionól agus san Fheidhmeannas ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Cuirfidh an Feidhmeannas dréachtaí neartaithe de chóid Aireachta, Státseirbhíse agus Chomhairleoirí Speisialta ar fáil, agus cuirfear chur chun feidhme iad láithreach bonn.

5. Tá siad seo a leanas i measc na mbeart a aontaíodh:

    a. **cuntasacht Airí** don Tionól a shoiléiriú;

b. **an fhreagracht atá ar Airí maidir lena gcomhairleoirí speisialta** a neartú;

c. sonraí a fhoilsiú faoi **chruinnithe na nAirí** le heagraíochtaí seachtracha;

d. sonraí a fhoilsiú maidir le **tabhartais agus fáilteachas a fuair na comhairleoirí speisialta,** cruinnithe le heagraíochtaí seachtracha, agus pá;

e. ceanglais maidir le **coimeád taifead** agus na **cosaintí do sceithirí** a neartú; agus

f. **comhairle fhioscach** a bhunú a dhéanfadh measúnú agus tuairisciú ar inbhuanaitheacht thograí airgeadais agus caiteachais an Fheidhmeannais.

6. Aontaíonn na páirtithe freisin **sásra forfheidhmithe láidir, neamhspleách** a bhunú chun déileáil le sáruithe ar an gCód Aireachta agus doiciméid ghaolmhara.

7. Bunóidh an Feidhmeannas fochoiste tiomnaithe a bhreithneoidh torthaí an fhiosraithe ar an Dreasacht Teasa In-Athnuaite agus a mholfaidh tuilleadh athchóirithe, mar aon leo sin sa chomhaontú seo, chun na hathruithe atá riachtanach a chur ar fáil chun muinín an phobail a atógáil. Aontaíonn na páirtithe aon athchóirithe den sórt sin a sholáthar go tapa a luaithe is a bheidh tuairisc tugtha ag an bhfiosrúchán.

8. Tá na sonraí iomlána maidir leis na bearta trédhearcachta agus cuntasachta in **Iarscríbhinn A**.

*Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha*

9. D’aontaigh na páirtithe gur chóir an úsáid a bhaintear as an **Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha a laghdú, agus an aidhm a bhí leis an chéad lá riamh a thabhairt ar ais dó**. Tabharfaidh na páirtithe tiomantas poiblí nach gcuirfear Achainithe ar Bhonn Ábhar Buartha ar an gclár agus nach dtacófar leo ach amháin **sna himthosca is eisceachtúla agus mar rogha dheiridh**, agus gach sásra eile atá ar fáil ídithe.

10. Aontaíonn na páirtithe go ndéanfaidh siad roinnt athruithe sonracha ar an gcaoi a n-oibreoidh an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha maidir leis an gcuid eile de shainordú an Tionóil seo agus sa todhchaí, mar a shonraítear in **Iarscríbhinn B**. Áireofar air sin bearta ionas nach mbeidh Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha ar fáil i gcás ina mbainfidh an cheist a bheidh os comhair an Tionóil le hiompar comhalta mar Aire nó Comhalta den Tionól Reachtach (CTR) agus, nach mbeidh feidhm leis an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha i gcás Bhillí an Fheidhmeannais agus na gComhaltaí Príobháideacha, ach amháin tar éis an Dara Céim. Tabharfar éifeacht do na hathruithe sin i mBuanorduithe nó leasuithe ar an Acht um Thuaisceart Éireann 1998, mar is cuí, a luaithe agus is féidir.

11. Thug formhór na bpáirtithe a dtacaíocht d’athchóiriú níos leithne ar an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha. Is cuid thábhachtach de chosaintí Chomhaontú Bhéal Feirste

(Aoine an Chéasta) é an sásra seo lena chinntiú gur féidir le gach cuid den phobal a bheith rannpháirteach agus oibriú le chéile go rathúil chun na hinstitiúidí a bunaíodh faoin gComhaontú a chur ag obair, agus go bhfaigheann gach cuid den phobal cosaint.

12. Fanfaidh an tairseach le haghaidh Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha ag 30 CTR, ach ní féidir Achainí a thionscnamh ach le comhaltaí ó dhá nó trí pháirtí. Chun na críche sin, caithfear le Comhalta neamhspleách mar pháirtí má toghadh an Comhalta sin ar ardán neamhspleách.

13. Tionscnóidh Achainí bhailí ar Bhonn Ábhar Buartha tréimhse machnaimh 14 lá. Tar éis an mhachnaimh sin, má dheimhníonn 30 CTR go dtacaíonn siad leis an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha, féadfaidh an Tionól cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar de réir an nóis imeachta thoilithe trasphobail.

*Inbhuanaitheacht na nInstitiúidí*

14. Tá na páirtithe ar aon intinn nach féidir le rialtas cineachta a bheith in easnamh ar feadh trí bliana arís, agus dá bhrí sin d'aontaigh siad pacáiste beart chun **institiúidí níos inbhuanaithe a bhfuil teacht aniar níos fearr iontu** a sholáthar, institiúidí a bheidh in ann leanúint ag feidhmiú i rith tréimhsí ina dtarlóidh deacrachtaí polaitiúla.

15. D'aontaigh na páirtithe gur chóir na hinstitiúidí a athchóiriú bunaithe ar **ionracas, muinín, agus meas ar a chéile**, agus d'athdhearbhaigh siad **a dtiomantas do phrionsabail chomhroinnt na cumhachta agus cosanta trasphobail** mar atá i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta).

16. Cruthaítear comhlachtaí nua leis an gcomhaontú seo, lena n-áirítear **Fóram do Cheannairí na bPáirtithe** agus **Fochoiste Feidhmiúcháin maidir leis an mBreatimeacht**, d'fhonn comhoibriú agus comhpháirtíocht a fheabhsú agus inbhuanaitheacht na n-institiúidí a fheabhsú freisin. Déantar socruithe leis chun **cumas pháirtithe an Fhreasúra a neartú chun an Feidhmeannas a dhéanamh freagrach**, lena n-áirítear tograí chun síneadh a chur leis an tréimhse ama inar féidir le páirtithe Freasúra a chruthú.

17. Aontaíonn na páirtithe freisin bearta leasaithe a thabhairt isteach chun **rannpháirtíocht shibhialta agus comhairliúchán poiblí a chur i gcroílár an cheaptha beartais**, ag aithint ról riachtanach na sochaí i gcoitinne ó thaobh tacú le Rialtas éifeachtach agus cuntasach.

18. Má thagann tréimhse teannais pholaitiúil chun cinn sa todhchaí tráth a mbíonn baol ann go dtitfidh na hinstitiúidí as a chéile, foráiltear sa chomhaontú go mbeidh **tréimhse 24 seachtaine níos faide ann sula gcaithfear toghchán de chuid an Tionóil a ghairm**. Sa tréimhse sin **fanfaidh na hAirí in oifig i gcáil shealadach** ionas go mbeifear in ann leanúint níos fearr den chinnteoireacht. Iarrfar ar Airí

gníomhú laistigh de theorainneacha dea-shainithe, lena n-áirítear mar a leagtar amach sa Chód Aireachta agus de réir an cheanglais atá ar an gCoiste Feidhmiúcháin breithiúnas a thabhairt ar aon chinntí suntasacha agus conspóideacha nó trasghearraitheacha, agus, de réir mar is cuí, na srianta atá i bhfeidhm i rith tréimhse roimh thoghchán. **Leanfaidh Coistí an Tionóil ag feidhmiú freisin** agus comhlíonfaidh siad a ndualgais thábhachtacha.

*Clár an Rialtais*

19. D'aontaigh na páirtithe go bhfuil gá le **fís straitéiseach chomhroinnte agus uaillmhianach** don todhchaí, agus é mar aidhm **saol daoine a fheabhsú ar fud Thuaisceart Éireann**. Ní mór an cur chuige sin a léiriú i gClár Rialtais a bheidh bunaithe ar thorthaí, ag tógáil ar na torthaí ó Chlár an Rialtais roimhe sin. Caithfidh **bunús inbhuanaithe** a bheith aige freisin ar ar féidir leis na páirtithe san Fheidhmeannas **oibriú i gcomhpháirt lena chéile**.

20. D'athdhearbhaigh na páirtithe a dtiomantas don **Dearbhú Tacaíochta atá i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) agus i gcomhaontuithe comharbais**. Agus sin á dhéanamh, aithníonn siad nach mór do Chlár an Rialtais bunús inbhuanaithe a sholáthar don Fheidhmeannas chun oibriú le chéile i gcomhpháirtíocht chun freastal agus soláthar do chách bunaithe ar riachtanas inléirithe atá tomhaiste go fuarchúiseach. Beidh comhréiteach lárnach do chur chuige an Fheidhmeannais, agus díreofar ar phobal aontaithe a thógáil ar bhealach ina mbeidh an comhionannas agus meas ar a chéile chun tosaigh ann thar aon ní eile.

21. Ina theannta sin, aontaíonn na páirtithe go mbeidh na prionsabail agus an cleachtas maidir le rannpháirtíocht agus comhdhearadh saoránach agus pobail mar chuid lárnach d'fhorbairt agus de sheachadadh Chlár an Rialtais agus a straitéisí tacaíochta.

22. D'aontaigh na páirtithe cur chuige ina bhfuil dhá chéim maidir le Clár Rialtais a bhunú ar leibhéal straitéiseach ina gcuimseofar an **creat 12 thoradh d'fholláine na sochaí** ó Phlean Soláthair Torthaí Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus **Plean Tosaíochtaí** ina bhfuil gníomhartha atá le cur i bhfeidhm sa chuid eile de 2019/20.

23. Faoi mhí Aibreáin 2020, agus treoir ann ó phróiseas mionsonraithe rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, foilseoidh an Feidhmeannas **Clár nua Rialtais bunaithe ar thorthaí ar leibhéal straitéiseach** a bheidh ailínithe le buiséad ilbhliantúil le cur chuige leanúnach maidir le hairgead poiblí agus infheistíocht ar bhonn tosaíochta i mbonneagar agus i seirbhísí poiblí. Beidh an Clár nua dírithe ar athruithe agus feabhsuithe buana a chur i bhfeidhm i bpríomhréimsí tosaíochta agus áireofar leis bearta atá dírithe ar: fáil réidh le paraimíleatachas; deireadh a chur le seicteachas; cúram sláinte agus sóisialta a athrú ó bhonn; oideachas a leasú; a chinntiú go mbeidh fáil ag teaghlaigh ar thithe ardchaighdeáin, inacmhainne agus inbhuanaithe; dul i ngleic le hathrú aeráide; poist mhaithe a chruthú agus cearta oibrithe a chosaint.

24. De réir mar a bhogfar chuig todhchaí chomhroinnte níos fearr agus níos rachmasaí, aithníonn na páirtithe go bhfuil gá **dul i ngleic le hoidhreacht an tsaoil atá caite**. Chuige sin, tá na páirtithe tiomanta d'oibriú le chéile agus gach rud is féidir a dhéanamh chun díobháil a chur ina ceart agus deireadh a chur leis na ceisteanna a fhágann deighilt eadrainn.

*Cearta, teanga agus aitheantas*

25. Deimhníonn na páirtithe an gá atá **le meas a thaispeáint ar shaoirse gach duine i dTuaisceart Éireann chun a n-aitheantas náisiúnta agus cultúrtha a roghnú, a dheimhniú, a chothú agus a fhorbairt**, agus comóradh a dhéanamh ar an aitheantas sin agus é a léiriú ar bhealach ina gcuirtear leochaileacht na ndaoine sin i leith aitheantais náisiúnta nó chultúrtha dhifriúla san áireamh agus ina mbíonn meas ar riail an dlí. Deimhníonn siad freisin an gá atá le **comhréiteach, caoinfhulaingt agus plé bríomhar a spreagadh agus a chur chun cinn** idir iad sin a bhfuil aitheantais náisiúnta agus chultúrtha dhifriúla acu i dTuaisceart Éireann d'fhonn **ómós cothrom, meas ar a chéile, tuiscint agus comhoibriú** a chur chun cinn. Léireofar na prionsabail sin i reachtaíocht.

26. Déanfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire, le tacaíocht ó Airí Sóisearacha in Oifig an Fheidhmeannais, urraíocht agus maoirseacht ar chreat nua ina dtabharfar aitheantas d'éagsúlacht aitheantas agus cultúir Thuaisceart Éireann agus ina ndéanfar comóradh uirthi, agus ina bhfreastalófar ar dhifríocht chultúrtha.

27. Mar bhonn is mar thaca ag an gcreat beidh deimhniú maidir le ceart dúchais gach duine i dTuaisceart Éireann é féin a aithint agus é a ghlacadh mar Éireannach nó mar Bhriotanach, nó an dá cheann, de réir mar a thogróidh sé féin, agus ag aithint agus ag freastal ag an am céanna orthu sin laistigh dár bpobal a shainíonn iad féin mar 'eile' agus iad sin a mhúnlaíonn ár bpobail eitneacha agus nua. Cuimseofar ann:

    a. Oifig Aitheantais agus Léirithe Cultúir chun iolrachas cultúrtha agus ómós don éagsúlacht a chur chun cinn, chomh maith le comhtháthú agus comhréiteach sóisialta a thógáil, agus gach gné d'oidhreacht shaibhir chultúir agus theangeolaíoch Thuaisceart Éireann a cheiliúradh.

    b. Reachtaíocht chun Coimisinéir a chruthú chun aitheantas, tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'fhorbairt na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus an fhorbairt sin a fheabhsú agus aitheantas oifigiúil a chur ar fáil do stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Déanfar aisghairm freisin leis an reachtaíocht ar an *Administration of Justice (Language) Act (Ireland) 1737.*

    c. Reachtaíocht chun Coimisinéir eile den sórt sin a chruthú d'fhonn an teanga, na healaíona agus an litríocht a bhaineann le traidisiún na hUltaise/na nUltach Briotánach a fheabhsú agus a fhorbairt agus aitheantas oifigiúil a chur ar fáil do stádas na hUltaise i dTuaisceart Éireann. Cuirfear dualgas dlíthiúil freisin

leis an reachtaíocht ar an Roinn Oideachais chun úsáid na hUltaise sa chóras oideachais a spreagadh agus a éascú.

d. Beidh sé mar phríomhfheidhm ag Coimisinéir Teanga na Gaeilge forbairt úsáid na Gaeilge i measc údaráis phoiblí a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhairle agus treoir a chur ar fáil, agus úsáid na gcaighdeán dea-chleachtais sa teanga a thabhairt isteach, tacú leo agus iad a fhaire.

e. Is é an príomhfheidhm a bheidh ag Coimisinéir eile den sórt sin ná an teanga, na healaíona agus an litríocht a bhaineann le traidisiún na hUltaise/na nUltach Briotánach i dTuaisceart Éireann a fheabhsú agus a fhorbairt.

f. Bunófar Mol Aistriúcháin Lárnach freisin sa Roinn Airgeadais laistigh de thrí mhí ó chomhaontú, d'fhonn seirbhísí aistriúcháin a sholáthar do naoi Roinn an Fheidhmeannais, do Chomhlachtaí Páirtspleácha, don Rialtas Áitiúil agus do Chomhlachtaí Poiblí.

g. Déanfar leasú freisin ar Bhuanorduithe an Tionóil chun ligean d'aon duine a ghnó a dhéanamh os comhair an Tionóil nó Coiste Tionóil trí Ghaeilge nó Ultais. Cuirfear seirbhís aistriúcháin chomhuaineach ar fáil sa Tionól lena chinntiú nach gcuirfear duine nach bhfuil aon Ghaeilge nó Ultais aige faoi mhíbhuntáiste.

h. Bunófar an reachtaíocht seo – lena n-áirítear an Oifig a bhunú agus an bheirt Choimisinéirí a cheapadh – mar Chodanna nua tiomnaithe den Acht um Thuaisceart Éireann 1998. Is leis an reachtaíocht sin a chuirtear Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) chun feidhme agus comhaontuithe ina dhiaidh sin agus lena mbunaítear an Tionól agus an Feidhmeannas sa dlí. Léireoidh achtú na gCodanna nua sin den Acht um Thuaisceart Éireann tábhacht na gcisteanna sin do mhuintir Thuaisceart Éireann agus don tsochaí i dTuaisceart Éireann.

i. Soláthróidh an Oifig Aitheantais sruthanna agus scéimeanna maoinithe, lena n-áirítear foilsiú agus craoladh, deontais bheaga, imeachtaí agus turasóireacht, coimeád taispeántas agus músaem, oidhreacht thógtha, oideachas cultúir agus tionscadail turasóireachta.

28. Bunófar Coiste Tionóil Ad-Hoc chun machnamh a dhéanamh ar Bhille um Chearta a chruthú atá dílis do rún luaite Chomhaontú 1998 sa mhéid is go bhfuil cearta ann anuas orthu sin sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (atá infheidhme faoi láthair) agus a "léiríonn imthosca ar leith Thuaisceart Éireann", mar aon leis na prionsabail maidir le hómós comhpháirteach a léiriú le haghaidh aitheantas agus éiteas an dá phobal agus ómós cothrom.

29. Tá sonraí iomlána an chomhaontaithe maidir le cearta, teanga agus aitheantas in **Iarscríbhinn E**.

# 1. Iarscríbhinn A: Trédhearcacht, cuntasacht agus feidhmiú an Fheidhmeannais

1.1. D'aontaigh na páirtithe na bearta seo a leanas. Cuirfidh an Feidhmeannas dréachtaí neartaithe de na cóid ábhartha atá le cur chun feidhme láithreach bonn i dtoll a chéile, ar bhonn práinne.

1.1.1. Cuntasacht Airí maidir leis an Tionól a shoiléiriú agus an gá atá ann an fhaisnéis a theastaíonn uathu a thabhairt do choistí reachtúla chun deis a thabhairt dóibh a ról a chur i gcrích.

1.1.2. Na ceanglais maidir le dearbhú agus láimhseáil leasanna Airí a neartú, agus dearbhú iomlán leasanna ar a gceapadh le nuashonrú go rialta agus leasanna ábhartha le foilsiú.

1.1.3. Beidh Airí freagrach as bainistiú, iompar agus smacht a gcomhairleoirí speisialta (le cuimsiú freisin i gCód Iompraíochta Comhairleoirí Speisialta).

1.1.4. Tá forfheidhmiú an Chóid Aireachta (agus cóid eile) lárnach ionas go mbeidh an Feidhmeannas níos cuntasaí agus níos trédhearcaí (tá páipéar ar leithligh i gceist maidir leis an bpróiseas chun é sin a bhaint amach).

1.1.5. Soiléiriú a thabhairt maidir leis an ngá atá le cruinnithe aireachta (le cuimsiú freisin i gCód na Státseirbhíse), oifigigh ag freastal ar chruinnithe aireachta, agus dearbhú pras a thabhairt don Roinn maidir le haon phlé substaintiúil le heagraíochtaí seachtracha a bhaineann le gnó na roinne nach raibh aon oifigigh i láthair ann.

1.1.6. Sonraí a fhoilsiú maidir le cruinnithe le heagraíochtaí seachtracha (agus tabhartais agus fáilteachas a fhaightear freisin).

1.1.7. An Cód Comhairleoirí Speisialta chun réamhrá uileghabhálach a áireamh ina soiléirítear an ról criticiúil atá ag comhairleoirí speisialta chun tacú le hAirí agus gur cuid thábhachtach den fhoireann iad ag obair i ndlúthchomhar le státseirbhísigh chun tosaíochtaí na nAirí a chur ar fáil.

1.1.8. A dhéanamh soiléir go bhfuil na hAirí freagrach as bainistiú, iompar agus smacht a gcomhairleoirí speisialta (agus go ndéanfar an ceanglas sin a chuimsiú sa Chód Aireachta).

1.1.9. Aon athruithe a aontaítear i gCód na Státseirbhíse a chuimsiú sa Chód Comhairleoirí Speisialta.

1.1.10. Sonraí a fhoilsiú maidir le tabhartais agus fáilteachas a fuair na comhairleoirí speisialta, cruinnithe le heagraíochtaí seachtracha, agus pá.

1.1.11. Cé go bhfuil státseirbhísigh aonair freagrach dá nAire sa roinn, a áireamh go bhfuil oibleagáid níos leithne freisin ar an státseirbhís don Fheidhmeannas trí chéile.

1.1.12. Ceanglas sainráite a áireamh chun taifid chruinne a chothú, agus gur chóir faisnéis a láimhseáil ar bhealach atá chomh hoscailte agus chomh trédhearcach agus is féidir laistigh den chreat dlí.

1.1.13. A shoiléiriú nach nglactar in aon chor le ciapadh, bulaíocht ná iompar míchuí nó idirdhealaitheach laistigh den státseirbhís agus gur chóir gníomh a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil cultúr ann inar féidir le daoine labhairt amach faoi iompar doghlactha.

1.1.14. Na rialacha agus an fheasacht maidir le sceithireacht/labhairt amach a neartú, ionas go ndéantar breithniú ceart ar ghearáin inmheánacha agus sheachtracha.

1.2. Ina theannta sin, aontaíonn na páirtithe go bhfuil sé mar oibleagáid ar Airí cloí le forálacha na Treorach d’Airí maidir le Cur i gCrích a gcuid Feidhmeanna agus Iompar Gnó Feidhmeannais.

1.3. Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh maidir le sáruithe líomhnaithe ar chaighdeáin aireachta nó an Cód Aireachta. Ní bhreithneofar gearáin ach amháin má thugann an gearánach a ainm, sonraí teagmhála agus dóthain sonraí maidir leis an sárú líomhnaithe le bheith in ann breithiúnas iomlán a thabhairt air.

1.4. Cuirfear gearáin gur sháraigh Aire an Cód Iompair Aireachta, an Treoir d’Airí maidir le Feidhmiú a bhFeidhmeanna nó Iompar Gnó Feidhmeannais ar aghaidh chuig na Coimisinéirí um Chaighdeáin Aireachta.

1.5. Socróidh na Coimisinéirí cibé an bhfuil dóthain fiúntais ag gearán lena bhreithniú, agus diúltóidh siad imscrúdú a dhéanamh ar ghearán atá fánach, cráiteach, nó a rinneadh de mheon mímhacánta.

1.6. Beidh triúr Coimisinéirí ann in éineacht le Coimisinéir um Chaighdeáin an Tionóil, agus ceapfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire iad.

1.7. Féadfaidh na Coimisinéirí fíorais a iarraidh ar Rúnaí an Fheidhmeannais chun treoir a thabhairt dá gcinneadh faoi cibé imscrúdú a dhéanamh nó gan a dhéanamh ar ghearán.

1.8. Foilseofar cinneadh na gCoimisinéirí chun imscrúdú a dhéanamh nó gan é a dhéanamh agus na forais a bhí acu lena gcinneadh. Beidh frámaí ama diana, foilsithe ann a gcaithfear cloí leo le haghaidh gach céime den phróiseas.

1.9. Nuair a dhéanann na Coimisinéirí imscrúdú ar ghearán, foilseoidh siad torthaí a n-imscrúdaithe. Áireofar lena dtorthaí cibé an bhfuarthas amach gur sháraigh an tAire téarmaí an Chóid nó na Treorach, agus tromchúiseacht choibhneasta an tsáraithe. Ní áireofar leis na torthaí aon mholadh maidir le smachtbhannaí. Is faoi phróiseas ábhartha an Pháirtí/Tionóil a bheidh sé sin sa deireadh thiar.

1.10. I dtuarascáil fhoilsithe na gCoimisinéirí féadfar na forais a sholáthar ar a bhféadfaidh daoine eile a smachtbhannaí féin a thionscnamh, lena n-áirítear iad sin faoi alt 30 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 faoinar féidir leis an Tionól Aire a chur ar fionraí má ritear rún mímhuiníne le tacaíocht ó 30 CTR nó á thairiscint ag an gCéad Aire agus ag an leas-Chéad Aire ag gníomhú go comhpháirteach dóibh. Féadfaidh oifigeach ainmniúcháin pháirtí an Aire an tuarascáil fhoilsithe a chur san áireamh freisin.

1.11. Comhoibreoidh gach Aire agus státseirbhíseach, lena n-áirítear na comhairleoirí speisialta, go hiomlán le haon imscrúdú a dhéanfaidh na Coimisinéirí um Chaighdeáin Aireachta.

1.12. Feabhsófar Coiste an Tionóil um Chaighdeáin agus Pribhléidí trí thriúr gnáthchomhaltaí neamhspleácha a mbeidh cearta vótála acu a cheapadh.

1.13. Tabharfaidh an Feidhmeannas athbhreithnithe ar athchóiriú na státseirbhíse, lena n-áirítear próisis soláthair agus ceapacháin, ceapacháin phoiblí agus comhlachtaí páirtspleácha ar aghaidh ar bhonn tosaíochta.

## 2. Iarscríbhinn B: Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha

2.1. D'aontaigh na páirtithe gur chóir an úsáid a bhaintear as an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha a laghdú, agus an aidhm a bhí leis an chéad lá riamh a thabhairt ar ais dó. Mar aon leis na hathruithe sonracha thíos a chomhaontú, geallann na páirtithe nach gcuirfear Achainithe ar Bhonn Ábhar Buartha ar an gclár agus nach dtacófar leo ach amháin sna himthosca is eisceachtúla agus mar rogha dheiridh, agus gach sásra eile atá ar fáil ídithe. Go háirithe, geallfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire gan Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha a shíniú sa sainordú Tionóil seo.

2.2. Ina theannta seo, aontaíonn na páirtithe leis na hathruithe seo a leanas, a dtabharfar éifeacht dóibh i mBuanorduithe nó i reachtaíocht, de réir mar is cuí, a luaithe agus is féidir:

2.2.1. Ní mór ráiteas a bheith ag gabháil le hAchainí maidir leis na forais agus an réasúnaíocht ar a bhfuil sí á chur ar an gclár agus caithfear é a shíniú go pearsanta ag Oifig na mBillí.

2.2.2. Ní shíneoidh an Ceann Comhairle ná an triúr Leas-Chinn Comhairle Achainí.

2.2.3. Fanfaidh an tairseach le haghaidh Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha ag 30 CTR, ach ní féidir Achainí a thionscnamh ach le comhaltaí ó dhá nó trí pháirtí. Chun na críche sin, caithfear le Comhalta neamhspleách mar pháirtí má toghadh an Comhalta sin ar ardán neamhspleách.

2.2.4. Ní bheidh an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha ar fáil le haghaidh rún maidir le caighdeáin faoi Bhuanordú 69B, ná rúin agus ceisteanna nach bhfuil aon éifeacht dlíthiúil ná nós imeachta sainráite acu.

2.2.5. Maidir le Billí Feidhmeannais agus Billí na gComhaltaí Príobháideacha, ní bheidh feidhm leis an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha ach tar éis an Dara Céim amháin.

2.2.6. Níor chóir Airí agus Airí Sóisearacha a fhágáil amach as síniú Achainí, ach tugann na páirtithe ar aird ionas go mbeidh Aire nó Aire Sóisearach in ann Achainí a shíniú i dtaca le cás atá de réir cinnidh de chuid an Fheidhmeannais, gurb ionann sin agus sárú ar an mír maidir le Gealltanas Oifige (f).

2.2.7. Tionscnóidh Achainí bhailí ar Bhonn Ábhar Buartha tréimhse machnaimh 14 lá, lena n-áirítear maidir le haon tuarascálacha ar cibé an bhfuil beart nó togra i gcomhair reachtaíochta ag cloí le ceanglais chomhionannais, lena n-áirítear an Chúirt Eorpach um Chearta an

Duine/Bille na gCeart agus aon chomhairle a leanfaidh ó Bhuanordú 30(6) agus 85(4) ón Tionól. Tar éis an mhachnaimh sin, má dheimhníonn 30 CTR go dtacaíonn siad leis an Achainí ar Bhonn Ábhar Buartha, féadfaidh an Tionól cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar de réir an nóis imeachta thoilithe trasphobail.

2.3. Ba chóir go mbeadh feidhm i gcónaí le forálacha Alt 13(3) den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 agus Ordú 60 de Bhuanorduithe Tionóil a bhaineann le hatreorú Billí chuig an gCoiste Ad-Hoc maidir le Ceanglais Chomhionannais a Chomhlíonadh.

# 3. Iarscríbhinn C: Inbhuanaitheacht na nInstitiúidí

3.1. D’athdhearbhaigh na páirtithe a dtiomantas do phrionsabail na comhroinnte agus na cosanta trasphobail atá i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta).

*Gnó Feidhmeannais*

3.2. D’aontaigh na páirtithe filleadh ar na hinstitiúidí ar bhonn ionracais, muiníne, agus measa ar a chéile – agus caidrimh láidre oibre mar bhunús leo. D’aontaigh na páirtithe go dteastaíonn bearta éifeachtacha chun inbhuanaitheacht na n-institiúidí a fheabhsú, chun muinín an phobail a mhéadú, agus chun teacht aniar na n-institiúidí a mhéadú ionas gur féidir leo deacrachtaí, dúshláin agus easaontuithe polaitiúla a chur díobh ar bhealach níos fearr.

3.3. D’aontaigh na páirtithe glacadh le doiciméad nua neartaithe d’Iompar Gnó Feidhmeannais. Ag teacht leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá sa mhír faoin trédhearcacht den Chomhaontú seo, déanfar forfheidhmiú éifeachtach agus comhréireach ar sháruithe ar an doiciméad seo.

*Fóram Cheannairí na bPáirtithe*

3.4. Bunófar fóram do Cheannairí na bPáirtithe. Freastalóidh ceannairí na bpáirtithe polaitiúla san Fheidhmeannas, nó a n-ionadaí ainmnithe ‘buan’, ar an bhfóram. D’fhonn a chinntiú go leanfar go réasúnta den bhallraíocht, ainmneoidh na páirtithe freisin ‘leas-ionadaí’ a fhreastalóidh nuair nach mbeidh an t-ionadaí ‘buan’ in ann freastal. Buailfidh an fóram le chéile uair sa mhí, ar a laghad. Is fóram neamhfhoirmiúil a bheidh ann agus ní bheidh aon údarás cinnteoireachta aige. Feidhmeoidh an fóram mar spás sábháilte do cheannairí na bpáirtithe chun ceisteanna leanúnacha a phlé agus luathrabhadh a thabhairt maidir le haon cheisteanna a d’fhéadfadh teannas agus easaontuithe polaitiúla a chruthú sa todhchaí. Déanfaidh comhaltaí an fhóraim athbhreithniú ar fhiúntas an fhóraim tar éis sé mhí.

*An Breatimeacht*

3.5. Bunóidh an Feidhmeannas fochoiste maidir leis an mBreatimeacht, ar a laghad ar bith. Déanfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire (nó a n-ionadaithe Aireachta ainmnithe) cathaoirleacht ar an bhfochoiste. Beidh ionadaí amháin as gach páirtí ar a laghad ag an bhfochoiste ar an bhFeidhmeannas. Breithneoidh an fochoiste ceisteanna a bhaineann leis an mBreatimeacht ar bhonn práinne agus áireofar leis, a luaithe is indéanta, measúnú ar thionchar an Bhreatimeachta ar na hinstitiúidí agus ar chaidrimh

Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar. Déanfaidh an Coiste Tionóil grinnscrúdú ar obair an fhochoiste.

*An Freasúra*

3.6. D'aontaigh na Páirtithe an *Assembly Executive and Reform (Assembly Opposition) Act (NI)* a leasú le foráil a dhéanamh go bhféadfaidh páirtí dul isteach sa Fhreasúra Oifigiúil faoin Acht suas le dhá bhliain tar éis an Feidhmeannas a bhunú. D'aontaigh na páirtithe gur chóir Buanorduithe a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt dó sin laistigh de thrí mhí ó athchóiriú an Tionóil.

3.7. Aithníonn na páirtithe gur chóir maoiniú breise a chur ar fáil do pháirtithe atá sa Fhreasúra. I gcomhthéacs an chláir chomhaontaithe beart chun inbhuanaitheacht na n-institiúidí a fheabhsú, ba chóir d'údaráis ábhartha an Tionóil athbhreithniú a choimisiúnú maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht an Ráitis Teidlíochtaí le haghaidh Freasúra Oifigiúil mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Tús Úrnua. Ba chóir duine neamhspleách iomchuí a cheapadh chun athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh, agus ba chóir don athbhreithniú aird a bheith aige ar chomparadóirí ábhartha. Ba chóir an t-athbhreithniú sin a chur isteach chuig na húdaráis ábhartha sa Tionól laistigh de shé mhí ón gcéad chruinniú den Tionól. Má mheastar go bhfuil tuilleadh acmhainní iomchuí ba chóir don Choimisiún Tionóil acmhainní breise a lorg. Ba chóir go molfaí san athbhreithniú go dtabharfaí liúntais bhreise do pháirtithe an Fhreasúra agus ba chóir go ndéanfaí iniúchadh ar a thuilleadh maoiniú a chruthú d'Oifigí Cheannairí na bPáirtithe Freasúra.

*Rannpháirtíocht shibhialta struchtúrtha*

3.8. Aithníonn na páirtithe an luach a bhaineann le rannpháirtíocht struchtúrtha agus sholúbtha leis an tsochaí shibhialta chun cabhrú leis an Rialtas ceisteanna casta beartais a réiteach. D'aontaigh na páirtithe gur chóir an Dlúthphainéal Comhairleach Sibhialta atá ann cheana a athchóiriú chun ballraíocht as an nua a áireamh ann, a cheapfar taobh istigh de shé mhí trí bhíthin próiseas Ceapacháin Phoiblí.

3.9. D'aontaigh na páirtithe go ndéanfar thart ar 1-2 cheist a choimisiúnú in aghaidh na bliana i gcomhair rannpháirtíocht shibhialta. Tabharfar cuireadh don Phainéal an tsamhail rannpháirtíochta is iomchuí a mholadh le haghaidh ceisteanna ar leith, lena n-áirítear Tionól Saoránach amháin sa bhliain. Is é an Feidhmeannas a aithneoidh na ceisteanna. Tar éis na ceisteanna sannta a bhreithniú, déanfaidh an Painéal moltaí don Fheidhmeannas.

*Ceapachán an Chéad Aire/leas-Chéad Aire & leanúnachas ó thaobh cinnteoireachta a sholáthar*

3.10. Rithfidh Rialtas na Ríochta Aontaithe reachtaíocht chun an tAcht um Thuaisceart Éireann 1998 a leasú d'fhonn an tréimhse ama chun an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire a cheapadh tar éis don Chéad Aire nó don leas-Chéad Aire éirí as oifig nó tar éis an chéad chruinnithe den Tionól tar éis toghchán Tionóil a leathnú idir 7 agus 14 lá faoi seach go dtí sé seachtaine i ngach cás.

3.11. Mura mbeidh aon Chéad Aire/leas-Chéad Aire ceaptha taobh istigh de shé seachtaine ó éiríonn an Chéad Aire/leas-Chéad Aire as oifig nó faoin am a bheidh an chéad chruinniú den Tionól ann tar éis toghcháin, agus nár rith an Tionól rún chun é féin a lánscor faoi alt 32 den Acht um Thuaisceart Éireann, beidh 18 seachtaine eile ar a mhéad ag na páirtithe chun Céad Aire/leas-Chéad Aire a cheapadh. I rith na tréimhse sin leanfaidh na páirtithe ag déanamh iarrachtaí comhbheartaithe agus díograiseacha chun teacht ar aontú maidir le Céad Aire agus leas-Chéad Aire a cheapadh agus Feidhmeannas a chur i dtoll a chéile. Chun é sin a éascú, tiocfaidh an Tionól le chéile go rialta agus gach sé seachtaine ar a laghad chun an dul chun cinn a bhreithniú. Ag aon tráth, agus de réir nósanna imeachta reatha, d'fhéadfadh an Tionól rún a bhreithniú chun é féin a lánscor agus an Rúnaí Stáit a ghairm chun dáta a mholadh i gcomhair toghcháin. Mar sin féin, mura ndéantar aon cheapachán roimh dheireadh na tréimhse sin ansin beidh sé de dhualgas ar an Rúnaí Stáit dáta a mholadh le haghaidh toghchán Tionóil a luaithe is indéanta agus i gcás ar bith le haghaidh dáta nach bhfuil níos faide ná 12 sheachtain ón dáta a mbíonn a leithéid de dhualgas ann.

3.12. Déanfar soláthar freisin d'Airí i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann fanacht in oifig i ndiaidh an lae vótála ionas go mbeifí in ann leanúint den chinnteoireacht, go dtí go ritear d'Hondt le haghaidh gach oifige Aireachta, nó ar feadh uastréimhse 24 seachtain i ndiaidh lá na vótála nó ar feadh 48 seachtain ar a mhéad ó bhí Feidhmeannas ag feidhmiú, cibé acu is giorra.

3.13. Iarrfar ar Airí a fhanfaidh in oifig gníomhú laistigh de theorainneacha dea-shainithe ag gach tráth. Áireofar leis sin an ceanglas gníomhú de réir an Chóid Aireachta agus an ceanglas maidir le Coiste Feidhmiúcháin chun machnamh a dhéanamh ar aon chinntí atá suntasach agus conspóideach nó trasghearraitheach agus, de réir mar is cuí, na srianta atá i bhfeidhm i rith tréimhse roimh thoghchán. In éagmais Coiste Feidhmeannais a bheidh ag feidhmiú, ní bheidh Airí in ann cinntí atá suntasach nó conspóideach a ghlacadh ina dhiaidh sin.

3.14. I gcás ina dtarlaíonn sé go n-éiríonn an Chéad Aire/leas-Chéad Aire as oifig, leanfaidh an Tionól agus a chuid Coistí ar aghaidh ag feidhmiú a gcuid freagrachtaí go dtí go ndéanfar an Tionól a lánscor.

3.15. Tabharfaidh na hathruithe sin éifeacht reachtúil ar aon dul leis an tiomantas comhroinnte i dtaca le prionsabail na comhroinnte agus na cosanta trasphobail atá i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) agus ag cinntiú go mbeidh dóthain ionadaíochta ann chun go mbeidh muinín trasphobail sa Tionól.

## 4. Iarscríbhinn D: Clár an Rialtais

***Léirítear sa téacs seo a leanas, mar aon leis an dá iarscríbhinn a ghabhann leis, imlíne fhéideartha de Chlár Rialtais. Aontaíonn na páirtithe na sonraí níos iomláine de Chlár Rialtais comhaontaithe a fhoilsiú, laistigh de dhá sheachtain ó athbhunú na n-institiúidí. Aithníonn na páirtithe go gcaithfidh na páirtithe san Fheidhmeannas Clár an Rialtais deiridh a chomhaontú.***

4.1. D'aontaigh na páirtithe cur chuige maidir le Clár an Rialtais ina leagfar **fís straitéiseach chomhroinnte agus uaillmhianach** amach le haghaidh na todhchaí agus é mar aidhm féinleas do chách a fheabhsú – trí **dhul i ngleic leis an míbhuntáiste** agus **fás eacnamaíoch a spreagadh** bunaithe ar an riachtanas oibiachtúil.

4.2. Is é an cur chuige comhaontaithe atá ag na páirtithe ná tógáil ar na torthaí i gClár an Rialtais roimhe sin, agus fócas nua ar na tosaíochtaí maidir le: **tithíocht; oideachas; cúram leanaí; bonneagar agus seirbhísí; athrú aeráide; deireadh a chur le seicteachas;** agus **dul i ngleic le paraimíleatachas**.

4.3. D'athdhearbhaigh na páirtithe a dtiomantas don **Dearbhú Tacaíochta atá i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) agus i gcomhaontuithe comharbais**. Agus sin á dhéanamh, aithníonn siad nach mór do Chlár an Rialtais bunús inbhuanaithe a sholáthar don Fheidhmeannas chun oibriú le chéile i gcomhpháirtíocht chun freastal agus soláthar do chách bunaithe ar riachtanas inléirithe atá tomhaiste go fuarchúiseach. Beidh comhréiteach lárnach do chur chuige an Fheidhmeannais, agus díreofar ar phobal aontaithe a thógáil ar bhealach ina mbeidh an comhionannas agus meas ar a chéile chun tosaigh ann thar aon ní eile.

4.4. Aithníonn na páirtithe an tábhacht atá le **cearta agus aitheantas daoine aonair a chur chun cinn agus a chosaint** agus tá siad ar aon intinn gur chóir don Fheidhmeannas féachaint le sochaí a fhorbairt ina léirítear na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr maidir le cearta an duine. Aithníonn na páirtithe an tábhacht atá le Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, a bhfuil sé mar sainchúram air a chinntiú go dtugann an Rialtas agus comhlachtaí poiblí eile cosaint do chearta daonna gach duine, agus go gcuidítear le daoine a gcearta a thuiscint agus cad is féidir leo a dhéanamh má sháraítear iad.

4.5. Ina theannta sin, aontaíonn na páirtithe go mbeidh na prionsabail agus an cleachtas maidir le **rannpháirtíocht agus comhdhearadh saoránach agus pobail** mar chuid lárnach d'fhorbairt agus de sheachadadh Chlár an Rialtais agus a straitéisí tacaíochta. Tabharfaidh sé sin an chumhacht do shaoránaigh a gcearta agus a bhfolláine féin a bhaint amach. Comhlánóidh sé sin – ní

dhéanfaidh sé ionadú air – an ceart atá ag saoránaigh dúshlán a thabhairt do na cúirteanna maidir lena gcearta dlíthiúla a bheith á séanadh.

4.6. Léireofar na prionsabail sin a leanas i gClár an Rialtais.

4.6.1. Is é an cur chuige torthaí-bhunaithe fós an bealach is fearr chun feabhas leanúnach a bhaint amach i bhfolláine agus i bhfás eacnamaíoch.

4.6.2. D'fhéadfadh príomhstraitéisí tacaíochta a bheith mar bhonn eolais ag Clár an Rialtais, lena n-áirítear iad seo a leanas:

4.6.2.1. An Straitéis in aghaidh na Bochtaineachta;

4.6.2.2. An Straitéis Eacnamaíoch/Thionsclaíoch;

4.6.2.3. An Straitéis Infheistíochta;

4.6.2.4. An Straitéis Fuinnimh;

4.6.2.5. An Straitéis um Chomhionannas Ciníoch;

4.6.2.6. An Straitéis Míchumais;

4.6.2.7. An Straitéis Inscne;

4.6.2.8. An Straitéis um Chlaonadh Gnéis;

4.6.2.9. An Straitéis um Aosú Gníomhach;

4.6.2.10. An Straitéis do Leanaí agus Daoine Óga;

4.6.2.11. An Straitéis Cúram Leanaí;

4.6.2.12. An Straitéis um Bochtaineacht i measc Leanaí;

4.6.2.13. Straitéis na Gaeilge; agus

4.6.2.14. Straitéis na hUltaise.

4.6.3. Ní liosta uileghabhálach é seo. Aontaíonn na páirtithe go bhfoilseoidh Feidhmeannas nua, laistigh de thrí mhí, amchlár cuimsitheach chun na straitéisí sin a sholáthar mar aon le straitéisí eile atá riachtanach chun na torthaí i gClár an Rialtais a bhaint amach.

4.6.4. Cuirfear infheistíocht ar fáil ar leibhéal réigiúnach agus fo-réigiúnach ar bhonn gá oibiachtúil d'fhonn fás ionchuimsitheach a spreagadh.

4.6.5. Ní mór go mbeadh buiséad ilbhliantúil mar bhonn taca ag Clár an Rialtais, le cur chuige inbhuanaithe maidir le maoiniú poiblí agus infheistíocht tosaíochta i mbonneagar agus i seirbhísí poiblí. Ní mór go mbeadh trédhearcacht níos mó ann, agus faisnéis shoiléir á tabhairt do dhaoine ar cad a sholáthrófar le hairgead cáiníocóirí agus íocóirí rátaí, agus, i gcás ina bhféachann an Feidhmeannas le tuilleadh ioncaim a shaothrú, ní mór a bheith soiléir faoi na feabhsuithe seirbhíse agus na hinfheistíochtaí a mhaoineofar leis an airgead breise.

4.6.6. Aithníonn na páirtithe go dtagann dúshlán suntasach chun cinn nuair a dhéantar iarracht dul i ngleic leis an ualach airgeadais a bhaineann le seirbhísí poiblí a sholáthar i sochaí dheighilte. Tá siad ar aon intinn nuair a bheidh beartais nua á bhforbairt agus, de réir a chéile, nuair a bheidh cinn nua á n-athbhreithniú, go mbeidh sé tábhachtach go nglacann an Feidhmeannas céimeanna chun deireadh a chur le gach costas den sórt sin. Aithníonn na páirtithe freisin go dtagann dúshlán suntasach chun cinn nuair a bhíonn seirbhísí poiblí á soláthar leis an ngné acmhainní den Bhloc-deontas a bheith laghdaithe go fírinneach le deich mbliana anuas.

4.6.7. Cuirfear deireadh le buiséadú gearrthéarmach. Beidh an infheistíocht bunaithe ar riachtanas oibiachtúil, tionchar a uasmhéadú, an luach is fearr ar airgead a sholáthar (ag cuimsiú na gcostas agus na mbuntáistí go léir) agus inacmhainne, agus tugtar tosaíocht do bhonnathrú príomhsheirbhísí i gcúrsaí sláinte, oideachais, tithíochta, agus ceartais.

4.6.8. Dúshlán láithreach agus suntasach atá os comhair an Fheidhmeannais ná dul i ngleic le tionchar an Bhreatimeachta. Agus an cumas le haghaidh impleachtaí forleithne agus suntasacha á n-aithint thar gach gné den saol sóisialta agus eacnamaíoch, tá na páirtithe ar aon intinn gurb é an chéad tosaíocht atá ag an bhFeidhmeannas ná an toradh is fearr a chinntiú do shaoránaigh agus don gheilleagar, ag léiriú na dtosaíochtaí a leagtar amach sa litir ón gCéad Aire agus ón leas-Chéad Aire chuig an bPríomh-Aire i mí Lúnasa 2016.

4.6.9. Déanfar meastóireacht leanúnach ar chláir agus ar thosaíochtaí reatha chun a dtionchar ar thorthaí a shainaithint. Déanfar cinn nach bhfuil ábhartha níos mó nó nach bhfuil ag soláthar na dtorthaí inmhianaithe a leasú nó a stopadh.

4.6.10. Ní mór go mbeadh rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta agus na prionsabail a bhaineann le comhdhearadh agus comhléiriú mar thaca ag forbairt Chlár an Rialtais, an bhuiséid agus na straitéisí[1].

4.6.11. Aontaíonn na páirtithe gur chóir Coiste Tionóil a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne gach ceann de thorthaí Chlár an Rialtais agus chun machnamh a dhéanamh ar bhearta ionchais chun feabhas a bhaint amach. Forbrófar suíomh gréasáin i gcomhair monatóireachta agus tuairiscithe ar Chlár an Rialtais agus leis sin beifear in ann tuairisciú iomlán agus trédhearcach a dhéanamh go poiblí.

4.6.12. Sa chéad mhí feidhmithe, foilseoidh an Feidhmeannas clár reachtúil agus scálaí ama táscacha a chomhlánóidh Clár an Rialtais.

4.7. Aithníonn na páirtithe go dtógfaidh sé am dul i ngleic le dúshláin eacnamaíocha agus shochaíocha a bhí ann leis na blianta fada, agus aithníonn siad an gá atá le díriú ar idirghabhálacha fadtéarmacha lenar féidir athrú a dhéanamh i ndáiríre. In éagmais Feidhmeannais atá ag feidhmiú, cailleadh spéis sa bheartas poiblí. Beidh iarracht dhiongbháilte ag teastáil thar bhlianta fada chun caighdeáin na seirbhíse poiblí a ardú go dtí na leibhéil a bheidh ag teastáil chun tacú le fís na bpáirtithe maidir le leas sochaíoch.

4.8. I gcoinne an chúlra sin, d’aontaigh na páirtithe cur chuige comhthreomhar maidir le Clár an Rialtais lena mbeidh Feidhmeannas traspháirtí in ann gníomhartha a chur i bhfeidhm go tapa chun dul i ngleic le ceisteanna tosaíochta lom láithreach i gclár oibre Bliain a hAon, agus ag an am céanna tosú ag forbairt cláir ar leibhéal straitéiseach den chineál agus den scála a theastaíonn chun athruithe agus feabhsuithe buana a sholáthar ar leibhéal sochaíoch.

4.9. D’aontaigh na páirtithe gurb é an creat torthaí ó Phlean Soláthair Torthaí 2018/19 an t-aon bhunús réadúil atá ann don chéad Chlár (Bliain a hAon), ach d’aontaigh siad freisin go gcaithfear tús a chur le hobair láithreach chun Clár straitéiseach a fhorbairt le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin.

4.10. Áireofar le Clár an Rialtais: Bliain a hAon na gníomhartha agus na cláir atá in Aguisín 1 agus a aontófar ag an gcéad chruinniú den Fheidhmeannas agus a thabharfar ar aghaidh lena mbreithniú ag an Tionól roimh shaoire an tsamhraidh.

4.11. D’aithin na páirtithe freisin na tosaíochtaí níos fadtéarmaí atá in Aguisín 2 mar chodanna riachtanacha le haghaidh an Chláir ar leibhéal straitéiseach sa

[1] Mar a leagtar amach in ailt 3.8 agus 3.9.

todhchaí. Mar bhonn thaca ag an gClár nua agus a phríomhstraitéisí tacaíochta (an Straitéis in aghaidh na Bochtaineachta, an Straitéis Eacnamaíoch/Thionsclaíoch agus an Straitéis Infheistíochta) beidh buiséad mar bhonn taca leis agus beidh an Feidhmeannas réidh lena thabhairt chun críche agus lena fhorfheidhmiú faoi dheireadh mhí an Mhárta 2020.

# 5. Iarscríbhinn E: Cearta, teanga agus aitheantas

5.1. Déanfaidh an Chéad Aire agus an Leas-Chéad Aire, le tacaíocht ó Airí Sóisearacha in Oifig an Fheidhmeannais, urraíocht agus maoirseacht ar chreat nua ina dtabharfar aitheantas d'éagsúlacht aitheantas agus cultúir Thuaisceart Éireann agus ina ndéanfar comóradh uirthi, agus ina bhfreastalófar ar dhifríocht chultúrtha. Mar bhonn is mar thaca ag an gcreat seo beidh an ceart dúchais atá ag gach duine i dTuaisceart Éireann chun é féin a aithint agus é a ghlacadh mar Éireannach nó mar Bhriotanach, nó an dá cheann, de réir mar a thogróidh sé féin, agus ag aithint agus ag freastal go hiomlán ag an am céanna orthu sin laistigh dár bpobal a shainíonn iad féin mar 'eile', agus iad sin ónár bpobail eitneacha agus nua.

5.2. Leagfar amach treoirphrionsabail an chreata sin sa reachtaíocht, agus níor mhór d'údaráis phoiblí agus iad ag cur a bhfeidhmeanna i gcrích, aird chuí a bheith acu ar na prionsabail, eadhon:

5.2.1. an gá atá le meas a thaispeáint ar shaoirse gach duine i dTuaisceart Éireann chun a n-aitheantas náisiúnta agus cultúrtha a roghnú, a dheimhniú, a chothú agus a fhorbairt, agus comóradh a dhéanamh ar an aitheantas sin agus é a léiriú ar bhealach ina gcuirtear leochaileacht na ndaoine sin i leith aitheantais náisiúnta nó chultúrtha dhifriúla san áireamh agus ina mbíonn meas ar riail an dlí; agus

5.2.2. an gá atá le comhréiteach, caoinfhulaingt agus plé bríomhar a spreagadh agus a chur chun cinn idir iad sin a bhfuil aitheantais náisiúnta agus chultúrtha dhifriúla acu i dTuaisceart Éireann d'fhonn ómós cothrom, meas ar a chéile, tuiscint agus comhoibriú a chur chun cinn. Soláthraíonn **an Oifig Aitheantais agus Léirithe Cultúir** (an 'Oifig') an pointe lárnach chun éifeacht a thabhairt do na prionsabail sin agus chun an creat sin a chur chun cinn.

5.3. Beidh sé mar aidhm straitéiseach ag an Oifig:

5.3.1. iolrachas cultúrtha agus meas ar éagsúlacht a chur chun cinn, lena n-áirítear pobail eitneacha, náisiúnta, theangeolaíocha agus chreidimh Thuaisceart Éireann;

5.3.2. comhtháthú agus comhréiteach sóisialta a thógáil ionas go mbraithfidh gach duine muintearas lena chéile;

5.3.3. cumas agus athléimneacht a thógáil maidir leis an gcaoi a dtéimid i ngleic lenár gceisteanna aitheantais gan réiteach; agus

5.3.4. gach gné d’oidhreacht shaibhir chultúir agus theangeolaíoch Thuaisceart Éireann a cheiliúradh, ag aithint bailíocht agus tábhacht chomhionann gach aitheantais agus traidisiúin.

5.4. Bunófar an Oifig mar chomhlacht reachtúil, agus ceapfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, Stiúrthóir ar an Oifig.

5.5. Agus éifeacht á tabhairt do na treoirphrionsabail cuirfidh an Oifig na feidhmeanna seo a leanas i gcrích:

5.5.1. tabharfaidh sí treoir d’údaráis phoiblí;

5.5.2. déanfaidh sí monatóireacht ar mar atáthar ag cloí leis an dualgas maidir le haird chuí a bheith ar na prionsabail;

5.5.3. tabharfaidh sí tuairisc don Tionól maidir le comhlíonadh;

5.5.4. cuirfidh sí samplaí dea-chleachtais chun cinn;

5.5.5. coimisiúnóidh agus foilseoidh sí taighde agus tuarascálacha maidir le traidisiúin agus aitheantais chultúrtha;

5.5.6. mar fhreagairt ar iarratais ó cheachtar Coimisinéir ar cheisteanna dúshlánacha, tabharfaidh sí faoi thaighde neamhspleách, tiocfaidh sí ar thorthaí cothroma agus déanfaidh sí moltaí faoi ábhair a bhfuil imní fúthu;

5.5.7. cuirfidh sí feasacht phoiblí agus cláir oideachais chun cinn, lena n-áirítear treoir maidir leis an gcaoi a ndéanfar cearta linbh foghlaim faoina aitheantas agus a oidhreacht, mar aon leo sin a bhaineann le traidisiúin eile, a chuimsiú san earnáil oideachais;

5.5.8. déanfaidh sí iniúchadh tréimhsiúil ar údaráis phoiblí maidir leis an gcaoi ar thug siad urraim agus ar fhreastail siad ar léiriú cultúrtha mionlach laistigh dá réimse freagrachta;

5.5.9. tabharfaidh sí cúnamh deontais (idir chaipiteal agus ioncam) do thionscadail agus do chláir ar aon dul lena aidhmeanna mar a leagtar amach in alt 5.3. Beidh sruthanna agus scéimeanna maoinithe ag an Oifig, lena n-áirítear foilsiú agus craoladh, deontais bheaga, imeachtaí agus turasóireacht, coimeád taispeántas agus músaem, oidhreacht thógtha, oideachas cultúir agus tionscadail turasóireachta;

5.5.10. forbróidh sí dlúthchaidrimh oibre leo seo a leanas: an Coimisiún um Bhratach, Aitheantas, Cultúr agus Traidisiún (FICT); an Chomhairle um

Chaidrimh Phobail; an obair ar Le Chéile: Pobal Aontaithe a Thógáil (T:BUC); an earnáil phobail agus dheonach; an Roinn Pobal; agus páirtithe leasmhara eile atá bainteach le hiolrachas cultúrtha agus meas ar éagsúlacht a chur chun cinn; agus

5.5.11. soláthróidh sí tacaíocht chorparáideach/seirbhísí comhroinnte (TF, airgeadas, acmhainní daonna, dlí, etc.) don bheirt Choimisinéirí (féach thíos).

5.6. Ceapfar Coimisinéir Teanga na Gaeilge chun forbairt úsáid na Gaeilge i measc údaráis phoiblí a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhairle agus treoir a chur ar fáil, agus úsáid na gcaighdeán dea-chleachtais sa teanga a thabhairt isteach, tacú leo agus iad a fhaire.

5.7. Ceapfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad an Coimisinéir mar ghné lárnach chun aitheantas oifigiúil a thabhairt, faoi reacht, do stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann.

5.8. Beidh sé mar phríomhfheidhm ag an gCoimisinéir forbairt na Gaeilge a chosaint agus a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisinéir na nithe seo a leanas:

5.8.1. ullmhóidh sé, de réir treorach ó Airí, na caighdeáin dea-chleachtais maidir le húsáid na Gaeilge i measc údaráis phoiblí – is iad an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire a aontóidh na caighdeáin sin;

5.8.2. tabharfaidh sé tacaíocht d’údaráis phoiblí maidir leis na caighdeáin sin;

5.8.3. déanfaidh sé monatóireacht ar fheidhmíocht na n-údarás poiblí maidir le comhlíonadh na gcaighdeán sin; agus

5.8.4. déanfaidh sé imscrúdú ar ghearáin i gcás inar theip ar údarás poiblí aird chuí a bheith aige ar na caighdeáin sin.

5.9. Sonrófar sa reachtaíocht go rachaidh an Coimisinéir i mbun comhairliúcháin maidir le roinnt catagóirí agus caighdeáin a fhorbairt, sula dtabharfar isteach iad. Déanfar measúnú ar gach comhlacht poiblí agus cuirfear iad i gceann de na catagóirí ar bhonn critéir shocraithe ar nós an leibhéil idirghníomhaíochta leis an bpobal, líon na bhfostaithe, agus an riachtanais bhunaithe. Beidh ‘scála aistritheach’ na gcaighdeán laistigh de chatagóirí ag brath ar na critéir. Oibreoidh an Coimisinéir le gach comhlacht poiblí chun teacht ar chomhaontú ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé a cheanglas faoi na caighdeáin, agus forbróidh gach comhlacht poiblí plean forfheidhmithe.

5.10. Agus tagairt shonrach d’alt 5.8.1 thuas, ba chóir do threoir a eisíonn Airí béim a chur ar an tábhacht atá leis an gCoimisinéir caighdeáin dea-chleachtais a chruthú:

5.10.1. a léireoidh treoirphrionsabail an chreata mar a leagtar amach sa reachtaíocht, agus a oibreoidh chun meas ar a chéile a chur chun cinn, mar aon le dea-chaidrimh, tuiscint agus athmhuintearas;

5.10.2. a chuirfidh comhairliúchán le húdaráis phoiblí san áireamh; agus

5.10.3. a chuirfidh ceanglais ar údaráis phoiblí atá réasúnta, comhréireach agus praiticiúil.

5.11. Iarrfar sa treoir ar an gCoimisinéir, mar chéad tosaíocht, díriú ar chaighdeáin dea-chleachtais a fhorbairt a éascaíonn idirghníomhú idir úsáideoirí na Gaeilge agus comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear faisnéis nó foirmeacha a chur ar fáil i nGaeilge nuair is gá, suíomhanna gréasáin a úsáidtear go forleathan a chumasú chun go mbeidh aistriúchán Gaeilge ar fáil dóibh, agus a chinntiú go dtugann comhlachtaí poiblí freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras i nGaeilge, nuair is féidir. Tá tuilleadh i gceist leis chomh maith leis na rudaí sin. Leanfaidh gach comhlacht poiblí ag déanamh a gcinntí féin faoi nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge.

5.12. Cuirfear caighdeáin dea-chleachtais a mholfaidh an Coimisinéir, agus gach athrú ina dhiaidh sin ar na caighdeáin sin, ar aghaidh lena gceadú chuig an gCéad Aire agus an leas-Chéad Aire.

5.13. Áireofar freisin leis an reachtaíocht maidir leis an nGaeilge aisghairm an *Administration of Justice (Language) Act (Ireland) 1737,* agus déanfar aon fhoráil reachtúil is gá ionas go mbeifear in ann breitheanna, póstaí agus básanna a chlárú trí Ghaeilge agus uachtanna a dhéanamh go bailí i nGaeilge, mar rogha agus mar rogha aonair. Éascófar an Ghaeilge agus teangacha eile nuair a mheasfaidh na cúirteanna go bhfuil gá sin a dhéanamh. Ní dhéanfaidh aon ní sa reachtaíocht difear do stádas an Bhéarla.

5.14. Ceapfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire coimisinéir eile den sórt sin chun an teanga, na healaíona agus an litríocht a bhaineann le traidisiún na hUltaise/na nUltach Briotánach a fheabhsú agus a fhorbairt i dTuaisceart Éireann.

5.15. I measc sainchúram an Choimisinéara beidh réimsí oideachais, taighde, meán, gníomhaíochtaí cultúrtha agus áiseanna agus tionscnaimh turasóireachta.

5.16. Beidh siad seo a leanas mar fheidhmeanna ag an gCoimisinéir:

5.16.1. feasacht agus infheictheacht na seirbhísí ábhartha a sholáthraíonn údaráis phoiblí i dTuaisceart Éireann a mhéadú;

5.16.2. comhairle agus treoir a thabhairt d'údaráis phoiblí, lena n-áirítear nuair is ábhartha maidir le héifeacht agus cur chun feidhme, a mhéid is a dhéanann siad difear don Ultais, maidir le tiomantais faoin gCairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh, an Creat-Choinbhinsiún Eorpach um Chosaint Mionlaigh Náisiúnta, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh; agus

5.16.3. imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i gcás ina dteipeann ar údarás poiblí aird chuí a bheith aige ar chomhairle mar sin a thugann an Coimisinéir i dtaca le húsáid na hUltaise a éascú.

5.17. Agus tagairt shonrach á déanamh d'alt 5.16 thuas, ba chóir feidhmeanna an Choimisinéara a chur i gcrích ar bhealach:

5.17.1. a léireoidh treoirphrionsabail an chreata mar a leagtar amach sa reachtaíocht, agus a oibreoidh chun meas ar a chéile a chur chun cinn, mar aon le dea-chaidrimh, tuiscint agus athmhuintearas;

5.17.2. a chuirfidh comhairliúchán le húdaráis phoiblí san áireamh; agus

5.17.3. atá réasúnta, comhréireach agus praiticiúil.

5.18. Gníomhóidh an bheirt Choimisinéirí, agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna, go neamhspleách agus go comhsheasmhach leis na prionsabail a leagtar amach in alt 5.2 thuas.

5.19. Áireofar dualgas sa reachtaíocht freisin ar an Roinn Oideachais chun úsáid agus tuiscint na hUltaise sa chóras oideachais a spreagadh agus a éascú.

5.20. Agus iad ag comhlíonadh a gcuid ról, oibreoidh an bheirt Choimisinéirí i ndlúthchomhar leis an Boord o Ulstèr-Scotch agus le Foras na Gaeilge d'fhonn comhlántacht a chinntiú.

5.21. Ina theannta sin, déanfar forálacha dóibh seo a leanas i gcás na Gaeilge agus na hUltaise araon:

5.21.1. Bunófar Mol Aistriúcháin lárnach sa Roinn Airgeadais laistigh de thrí mhí ó chomhaontú, d'fhonn seirbhísí aistriúcháin a sholáthar do naoi Roinn an Fheidhmeannais, do Chomhlachtaí Páirtspleácha, don Rialtas Áitiúil agus do Chomhlachtaí Poiblí.

5.21.2. Déanfar leasú ar Bhuanorduithe an Tionóil chun ligean d'aon duine a ghnó a dhéanamh os comhair an Tionóil nó Coiste Tionóil trí Ghaeilge nó Ultais. Cuirfear seirbhís aistriúcháin chomhuaineach ar fáil sa Tionól lena chinntiú nach gcuirfear duine nach bhfuil aon Ghaeilge nó Ultais aige faoi mhíbhuntáiste.

5.21.3. Faoi Alt 28D den Acht um Thuaisceart Éireann 1998, cruthóidh an Feidhmeannas athbhunaithe dréacht-Straitéis na Gaeilge agus dréacht-Straitéis Teanga, Oidhreachta agus Cultúir na hUltaise i gcomhair comhairliúchán taobh istigh de shé mhí. Áireofar air sin cláir agus scéimeanna a chuideoidh chun an Ghaeilge agus teanga, cultúr agus oidhreacht na hUltaise a fhorbairt.

5.21.4. Mar sin féin, ní éileoidh aon ní sa reachtaíocht ná i bhfeidhmeanna na gCoimisinéirí aon chuótaí i bhfostaíocht do chainteoirí aon teanga ar leith.

*Reachtaíocht a phróiseáil*

5.22. D’aontaigh na páirtithe reachtaíocht a rith maidir leis na croí-ghnéithe den chreat a bhfuil cuntas air thuas.

5.23. Déanfar an tAcht um Thuaisceart Éireann 1998 – mar an phríomhuirlis reachtúil a chuireann Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) agus comhaontuithe ina dhiaidh sin chun feidhme – a leasú trí bhíthin trí Bhille a thabhairt isteach agus a achtú. Foilseofar Dréacht-Bhillí go hoifigiúil ar lá cruthaithe an Fheidhmeannais agus cuirfear faoi bhráid an Tionóil iad lena mbreithniú laistigh de thrí mhí ó athbhunú na n-institiúidí, mar chuid de phacáiste reachtaíochta comhtháite a chuirfear tríd an bpróiseas reachtúil go comhuaineach. Déanfar foráil mar seo a leanas sna trí Bhille:

- **An Bille fán Acht um Thuaisceart Éireann (Leasú Uimh. 1) 1998**

  Forálacha a dhéanamh chun an Oifig Aitheantais agus Léirithe Cultúir a bhunú.

- **An Bille fán Acht um Thuaisceart Éireann (Leasú Uimh. 2) 1998**

  Forálacha a dhéanamh don Ghaeilge.

- **An Bille fán Acht um Thuaisceart Éireann (Leasú Uimh. 3) 1998**

  Forálacha a dhéanamh chun Coimisinéir a bhunú chun an teanga, na healaíona agus an litríocht a bhaineann le traidisiún na hUltaise/na nUltach Briotánach i dTuaisceart Éireann a fheabhsú agus a fhorbairt.

5.24. Beidh creat coiteann ag gabháil leis na trí Bhille trí thagairtí nasctha i ngach mBille maidir leis na prionsabail a leagtar amach in alt 5.2 thuas. Tá sé beartaithe na Billí a thabhairt isteach mar chuid de phacáiste reachtaíochta comhtháite, agus dá réir sin níor chóir aon Bhille a mheas mar cheann atá neamhspleách ar an dá Bhille eile.

5.25. A luaithe is a bheidh siad achtaithe ag an Tionól, leasóidh na trí Bhille an tAcht um Thuaisceart Éireann 1998 ach na forálacha a chur isteach mar Chodanna nua, ar leithligh. Beidh na forálacha maidir leis an nGaeilge mar [Chuid X] nua den Acht um Thuaisceart Éireann 1998. Cuirfear isteach na forálacha a dhéileálfaidh leis an dara Coimisinéir mar [Chuid Y]; agus forálacha chun déileáil leis an Oifig Aitheantais agus Léirithe Cultúir mar [Chuid Z].

*Bille na gCeart*

5.26. Bunófar Coiste Tionóil Ad-Hoc chun machnamh a dhéanamh ar Bhille um Chearta a chruthú atá dílis do rún luaite Chomhaontú 1998 sa mhéid is go bhfuil cearta ann anuas orthu sin sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine atá infheidhme faoi láthair agus a "léiríonn imthosca ar leith Thuaisceart Éireann", mar aon leis na prionsabail maidir le hómós comhpháirteach a léiriú le haghaidh aitheantas agus éiteas an dá phobal agus ómós cothrom.

5.27. Tabharfaidh Painéal cúigear saineolaithe cúnamh don Choiste Ad-Hoc a cheapfaidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire ag obair go comhpháirteach dóibh.

5.28. Ba chóir don Phainéal féachaint ar an gcéad dul síos le comhairle a thabhairt don Choiste Ad-Hoc maidir le cad a chuimsítear lenár "n-imthosca áirithe", ag tarraingt ar, ach gan a bheith faoi cheangal ag, obair roimhe sin ar Bhille na gCeart agus ba chóir dó athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Ríocht Aontaithe imeacht as an AE ar ár "n-imthosca áirithe".

5.29. Comhaontófar na téarmaí tagartha agus amchlár an Choiste laistigh de 30 lá ó athbhunú na déabhlóide. Beidh bunú na tacaíochta traspháirtí agus trasphobail ríthábhachtach chun Bille na gCeart a chur chun cinn.

*Teanga chomharthaíochta*

5.30. Bhí an Roinn Pobal i mbun comhairliúcháin maidir le dréacht-chreat agus tograí beartais le haghaidh reachtaíochta ar theanga chomharthaíochta. Tá na páirtithe ar aon intinn maidir leis an bpróiseas chun clásail a dhréachtú ag tosú le hiarracht Bille a chur faoi bhráid an Tionóil ag céim luath.

# 6. Iarscríbhinn F: Athbhreithniú agus Monatóireacht ar an gComhaontú

6.1. Is maith is eol do na páirtithe go bhfuil sláine agus inchreidteacht an Chomhaontaithe seo ag brath ar é a chur chun feidhme go héifeachtach agus go tapa. Dá réir sin, ní mór dul chun cinn chun forálacha an Chomhaontaithe seo a chur chun feidhme a athbhreithniú agus a fhaire go gníomhach in éineacht le socruithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Comhaontuithe roimhe sin agus i gcomhordú leis na socruithe sin.

6.2. Beidh gá le Cruinnithe Athbhreithnithe Cur Chun Feidhme ina n-áireofar ceannairí páirtí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Beidh cruinnithe ann ar bhonn ráithiúil, agus tionólfar an chéad chruinniú roimh dheireadh mhí Eanáir 2020, ag a gcomhaontófar Clár Cur chun Feidhme agus Amchlár. Beidh Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Rialtas na hÉireann rannpháirteach de réir mar is cuí leis an gcur chuige trí shnáithe.

6.3. Foilseofar nuashonruithe ráithiúla ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

# Aguisín 1 – Clár an Rialtais

***Tacaítear san iarscríbhinn seo leis an imlíne fhéideartha do Chlár Rialtais a leagtar amach thuas. Aontaíonn na páirtithe na sonraí níos iomláine de Chlár Rialtais comhaontaithe a fhoilsiú, laistigh de dhá sheachtain ó athbhunú na n-institiúidí. Aithníonn na páirtithe go gcaithfidh na páirtithe san Fheidhmeannas Clár an Rialtais deiridh a chomhaontú.***

## Clár an Rialtais 2019/20 – Gníomhartha Tosaíochta

1. Díreofar i gClár 2019/20 ar ghníomhartha agus ar chinntí lena mbeifear in ann tionchar a bhaint amach i bpríomhréimsí tosaíochta. Áireofar leo sin:

***Tithíocht***

i. Déanfar comhcheangal i gcreat torthaí Chlár an Rialtais le toradh agus le táscairí nua ionas go mbeifear in ann díriú go sonrach ar a chinntiú go mbeidh fáil ag gach teaghlach ar theach cónaithe ar chaighdeán maith, inacmhainne agus inbhuanaithe atá oiriúnach dá chuid riachtanais.

ii. Déanfar infheistíocht fheabhsaithe chun tosú ag tógáil tithe nua sóisialta, agus tabharfaidh an Feidhmeannas reachtaíocht chun cinn atá ag teastáil go géar chun Cumainn Tithíochta a athaicmiú mar eagraíochtaí lasmuigh den earnáil phoiblí, lena chinntiú go leanfar ag tógáil tithe nua sóisialta agus den Scéim Tithíochta Comhúinéireachta.

iii. Déanfaidh an Feidhmeannas imscrúdú ar roghanna chun fiachas stairiúil a ghlacadh ó Fheidhmeannacht Tithíochta TÉ agus eisiafaidh sé í ón dualgas Cáin Chorparáide a íoc.

iv. Aontóidh an Feidhmeannas treocht fhadtéarmach maidir le táillí cíosa Fheidhmeannacht Tithíochta TÉ. Ní mór dó sin a bheith sách maith chun tacú le todhchaí fhadtéarmach stoc tithíochta sóisialta Fheidhmeannacht Tithíochta TÉ le haghaidh glúine tionóntaí sa todhchaí. Ní mór dó sin cíosanna is léir atá inacmhainne a chur ar fáil do thionóntaí freisin.

v. Tabharfar isteach bearta freisin lena n-áirítear, nuair is gá, reachtaíocht chun foráil a dhéanamh do rialuithe chun inacmhainneacht a chinntiú.

***Oideachas***

vi. Sraith gníomhartha a thosóidh ag dul i ngleic leis an mbrú ar acmhainní sa chóras oideachais agus torthaí tapa a sholáthar i dtéarmaí éifeachtúlacht agus éifeachtacht fheabhsaithe.

vii. Soláthrófar cur chuige feabhsaithe maidir le comhairle i dtaca le slite beatha, curaclam, oiliúint agus printíseachtaí d'fhonn infhostaitheacht a fheabhsú.

viii. Fócas straitéiseach feabhsaithe agus tacófar le gníomhartha chun oideachas a chur ar ár leanaí agus ár ndaoine óga le chéile sa seomra ranga, d'fhonn sochaí chomhroinnte agus chomhtháite a fhorbairt.

ix. Bunófar grúpa saineolaithe chun imscrúdú a dhéanamh ar na naisc idir tearcghnóthachtáil leanúnach i gcúrsaí oideachais agus cúlra socheacnamaíoch, agus cuirfear plean gníomhaíochta i dtoll a chéile i gcomhair athrú lena gcinnteofar go dtabharfar an tús is fearr sa saol do gach leanbh agus duine óg, is cuma cén cúlra óna dtagann siad.

x. Tabharfar aghaidh ar na ceisteanna ar tarraingíodh aird orthu in athbhreithniú Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann ar Riachtanas Speisialta Oideachais agus tabharfar tús áite dóibh sin.

### *Cúram Leanaí*

xi. Foilseoidh an Feidhmeannas Straitéis Cúram Leanaí agus tabharfar tosaíocht láithreach do shocruithe a fhorbairt chun soláthar leathnaithe, inacmhainne, freagrúil, ar ardchaighdeán de thionscnaimh luathoideachais agus cúraim do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu idir 3-4 bliana d'aois.

### *Infheistíocht*

xii. Tabharfaidh an Feidhmeannas tograí chun cinn chun campas Ollscoil Uladh a fhorbairt ag Coláiste Mhig Aoidh, lena n-áirítear an méadú is gá ar an líon uasta mac léinn chun an sprioc 10,000 mac léinn don champas a chur i gcrích agus Scoil Leighis Iontrála do Chéimithe.

xiii. Tacaíocht do phacáistí Cathrach do Dhoire agus an Srath Bán agus Béal Feirste, agus an tairiscint á forbairt ag Lár-Uladh; Comhairlí Chathair Ard Mhacha; Droichead na Banna agus Craigavon; agus Comhairlí Fhear Manach agus na hÓmaí.

xiv. Plean chun Cláir Staideanna Spóirt Réigiúnacha agus Fo-réigiúnacha a chur i gcrích.

### *Ag dul i ngleic leis an bparaimíleatachas*

xv. Fócas spriocdhírithe agus sonrach ar fud an rialtais chun dul i ngleic leis an bparaimíleatachas.

### *Athchóiriú leasa atá cothrom agus inbhuanaithe*

xvi. Tabharfar athbhreithniú ar bhearta maolaithe leasa chun cinn mar thosaíocht, agus beidh aon bhearta a chomhaontófar i bhfeidhm roimh mhí an Mhárta 2020.

### *Rialtas níos barainní*

xvii. Saineofar téarmaí tagartha agus cuirfear athbhreithniú ar bun ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht gach Comhlachta Páirtspleách, agus é mar aidhm an t-athbhreithniú a thabhairt chun críche agus scálaí ama a chomhaontú lena chur chun feidhme laistigh de sé mhí ó athbhunú an Fheidhmeannais.

### *Airgead poiblí inbhuanaithe*

xviii. Bunófar an Chomhairle Fhioscach a chuirtear chun cinn i gcomhaontuithe Theach Stormont agus Tús Úrnua. Leis sin déanfar grinnscrúdú neamhspleách agus tabharfar sainchomhairle don Fheidhmeannas agus don Tionól ar chúrsaí fioscacha agus buiséadacha, agus díreofar go háirithe ar inbhuanaitheacht. Déanfaidh an Chomhairle Fhioscach monatóireacht agus tuairisciú neamhspleách freisin ar fheidhmíocht an Fheidhmeannais maidir le Clár an Rialtais a chur i gcrích.

xix. Déanfar athbhreithniú ar shamhlacha maoinithe chun buiséad níos inbhuanaithe a chruthú leis an tsolúbthacht is gá chun seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán, atá dírithe ar thorthaí a chur ar fáil.

xx. Cuirfear struchtúir i bhfeidhm a chabhróidh chun dámhachtainí pá a bheidh caoithiúil agus cóir a sholáthar san earnáil phoiblí.

### *Póilíneacht*

xxi. Díreofar as an nua ar chuir chuige a neartú agus ar thacú le sásraí i gcomhair póilíneachta sa phobal. Comhlánófar é sin le méadú ar acmhainní, idir acmhainní daonna agus airgeadais, d’fhoirne póilíneachta in aice láimhe.

### *Cearta fostaíochta*

xxii. Aontaíonn na páirtithe gur chóir don Fheidhmeannas a bheith tiomanta do bheith ina fhostóir a íocann Tuarastal Maireachtála. Aontaíonn siad freisin gur chóir don Fheidhmeannas bogadh chun cosc a chur ar chonarthaí gan íosmhéid uaireanta agus gur chóir ábhar déabhlóidithe a dhéanamh de chumhachtaí chun leibhéil íosphá a shocrú. Ba chóir don Fheidhmeannas Bille um Aois, Earraí agus Saoráidí agus Seirbhísí a chur chun tosaigh freisin mar bhunús chun a chinntiú nach ndéanfar idirdhealú ar aon duine de bharr a n-aoise.

# Aguisín 2 - Clár an Rialtais

***Tacaítear san iarscríbhinn seo leis an imlíne fhéideartha do Chlár Rialtais a leagtar amach thuas. Aontaíonn na páirtithe na sonraí níos iomláine de Chlár Rialtais comhaontaithe a fhoilsiú, laistigh de dhá sheachtain ó athbhunú na n-institiúidí. Aithníonn na páirtithe go gcaithfidh na páirtithe san Fheidhmeannas Clár an Rialtais deiridh a chomhaontú.***

## Clár an Rialtais 2020 agus ina dhiaidh sin – Tosaíocht Straitéiseacha

1. Tacaíonn na páirtithe leis an dréacht-chreat reatha ina bhfuil 12 thoradh. Mar sin féin, cé go n-úsáidfear é sin le haghaidh Clár tosaigh le haghaidh an chuid eile de 2019/20, ní mór dó éabhlóidiú chun léiriú a thabhairt ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas chun Clár le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin a fhorbairt ar bhonn níos fadtéarmaí. Gheobhaidh Clár nua an Rialtais tacaíocht ó Straitéis in aghaidh na Bochtaineachta, Straitéis Eacnamaíoch/Thionsclaíoch, agus Straitéis Infheistíochta. Beidh na trí phríomhstraitéis sin fite fuaite le Clár an Rialtais agus déanfar dlúth-mhonatóireacht ar a soláthar lena chinntiú go mbainfidh siad amach an tionchar inmhianaithe sna príomhréimsí sin.

### *Deireadh a chur leis an bparaimíleatachas*

i. Athdhearbhaíonn na páirtithe a dtiomantas do dhul i ngleic leis an bparaimíleatachas. Déanfar tosaíocht straitéiseach de dheireadh a chur leis an díobháil atáthar a dhéanamh de bharr paraimíleatachais sna torthaí athbhreithnithe i gClár an Rialtais.

### *Deireadh a chur le seicteachas*

ii. Díreofar níos mó agus go straitéiseach laistigh de Chlár an Rialtais ar dheireadh a chur le seicteachas agus cuirfear straitéisí agus gníomhaíochtaí tacaíochta láidre i bhfeidhm.

iii. Athdhearbhaíonn na páirtithe go léir a dtacaíocht don cheart chun saoirse ó sheicteachas, ciapadh seicteach agus imeaglú. Sainítear an seicteachas i Straitéis 'Together Building a United Community' (TBUC) an Fheidhmeannais mar iompar bagartha, mí-úsáideach nó maslach nó meon maidir le duine de bharr chreideamh nó thuairim pholaitiúil an duine sin; nó maidir le duine aonair mar bhall de ghrúpa den sórt sin.

iv. Tá imlíne sa Straitéis TBUC d'fhís maidir le pobal aontaithe, bunaithe ar chomhdheiseanna, an inmhianaitheacht maidir le dea-chaidrimh agus athmhuintearas – ceann atá á neartú ag a éagsúlacht, áit ina ndéantar ceiliúradh ar léiriú cultúrtha agus ina gcuirtear fáilte roimhe agus inar féidir le gach duine

maireachtáil, foghlaim, obair agus sóisialú a dhéanamh le chéile, saor ó dhochar, fuath agus caoinfhulaingt.

v. Aithníonn na páirtithe an gá atá le dul i ngleic le seicteachas, dochar agus fuath d'fhonn iarracht a dhéanamh deireadh a chur le hidirdhealú. Forfheidhmíonn na páirtithe na cuspóirí a bhfuil cuntas orthu thuas agus ba mhaith leo dá dtabharfaí léiriú dlíthiúil don seicteachas mar choireacht fuatha. Chuige sin, creideann na páirtithe gur chóir don Fheidhmeannas gealltanas frithsheicteachais a cheapadh agus iarraidh ar gach ionadaí poiblí a bheith tiomanta dó.

### *Cúram sláinte agus sóisialta*

vi. Beidh an clár bonnathraithe a d'aontaigh an Feidhmeannas roimhe seo mar thosaíocht i gcónaí. Laistigh de sin, díreofar níos mó ar mheabhairshláinte agus folláine.

### *Oideachas*[2]

vii. Tá éagsúlacht sna cineálacha scoileanna sa chóras oideachais, agus a éiteas agus luachanna féin ag gach ceann díobh. Mar sin féin, níl sé inbhuanaithe. Aithníonn na páirtithe an dul chun cinn atá déanta chun samhlacha nua comhroinnte, comhoibrithe agus comhtháthaithe a fhorbairt. Tá fonn ann oibriú air sin mar bhunús chun feabhsuithe fadtéarmacha a dhéanamh ar chaighdeán, cothroime agus inbhuanaitheacht an chórais. Aontaíonn na páirtithe go gcoimisiúnóidh an Feidhmeannas athbhreithniú neamhspleách bunúsach, agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air, ina ndíreofar ar cháilíocht agus ar inbhuanaitheacht. Is é an t-eispéireas oideachais agus na torthaí do leanaí agus do dhaoine óga na tosca is tábhachtaí.

### *Tithíocht*

viii. Ag tógáil ar na gníomhartha i mBliain a hAon, aontaíonn na páirtithe go bhfuil gá le haird leanúnach agus tús áite a thabhairt do thithíocht laistigh de Chlár an Rialtais 2020 agus ina dhiaidh sin. Gheobhaidh an toradh agus na táscairí sonracha maidir le tithíocht, ina ndíreofar ar a chinntiú go mbeidh fáil ag gach teaghlach ar theach cónaithe ar chaighdeán maith, inacmhainne agus inbhuanaithe atá oiriúnach dá chuid riachtanas, tacaíocht ó chláir agus ó ghníomhartha láidre.

### *Athrú Aeráide*

---

[2] Sa doiciméad seo, ciallaíonn 'oideachas' oideachas do leanaí agus daoine óga i socruithe luathbhlianta, bunscoile, iarbhunscoile nó breisoideachais. Áirítear le "hoideachas" gach gné den Oideachas lena n-áirítear Comhlachtaí Earnála, curaclam ETI, pleanáil ceantair, Straitéis 14-19, Creat Teidlíochtaí, oiliúint ar mhúinteoirí agus an comhéadan idir Ard-Oideachas agus Breisoideachas.

ix. Aithníonn na páirtithe go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe agus straitéiseach maidir leis an dúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide laistigh de Chlár an Rialtais. Beidh gníomhartha agus idirghabhálacha ag teastáil thar raon leathan réimsí d'fhonn dul i ngleic le tionchar láithreach agus níos fadtéarmaí an athraithe aeráide ar bhealach ceart cóir. Chuige sin:

- déanfar athbhreithniú ar straitéisí an Fheidhmeannais chun astaíochtaí carbóin a laghdú i bhfianaise Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus ghéarchéim na haeráide;
- socrófar spriocanna agus gníomhartha uaillmhianacha i Straitéis nua Fuinnimh le haghaidh aistriú ceart cóir chuig sochaí saor ó charbón;
- ba chóir don Fheidhmeannas Acht um Athrú Aeráide a thabhairt chun tosaigh chun bonn taca dlíthiúil láidir a thabhairt do spriocanna comhshaoil;
- bunóidh an Feidhmeannas Gníomhaireacht Neamhspleách um Chosaint Comhshaoil chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair sin agus chun a chinntiú go bhfuil spriocanna á gcomhlíonadh;
- tacóidh an Straitéis Eacnamaíoch le fás glan agus uilechuimsitheach agus cruthófar poist mar chuid de Margadh Nua Glas;
- Cruthóidh an Feidhmeannas plean chun deireadh a chur le truailliú ó phlaisteach; agus
- Dúnfar an Dreasacht Teasa In-Athnuaite agus tiocfaidh scéim ina áit a ghearrfaidh astaíochtaí carbóin go héifeachtach.

### *Cearta oibrithe*

x. Beidh fócas feabhsaithe laistigh de Chlár an Rialtais ar phoist mhaithe a chruthú agus ar chearta oibrithe a chosaint. Aontaíonn na páirtithe gur chóir go mbeadh fáil ar phoist maithe, áit ina mbeidh deis labhartha ag oibrithe ina dtugtar leibhéal neamhspleáchais dóibh, ioncam maith go leor, slándáil tionónta, obair shásúil sa líon ceart, agus dea-choinníollacha oibre, lárnach don bheartas poiblí, ag glacadh leis an gcaoi a rannchuidíonn sé sin le sláinte agus folláine níos fearr trí dhul i ngleic le neamhionannais, féin-éifeachtúlacht a thógáil agus an bhochtaineacht a chomhrac.

# Iarscríbhinn A: Tiomantais Rialtas na Ríochta Aontaithe do Thuaisceart Éireann

**Léirítear san iarscríbhinn seo a leanas na tiomantais a dhéanfadh Rialtas na Ríochta Aontaithe don Fheidhmeannas athbhunaithe chun tacú le Tuaisceart Éireann ilghnéitheach, rathúil i gcomhthéacs comhaontú a bheadh sroichte, ag teacht le tiomantas leanúnach an Rialtais do Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta). Ní léiríonn sé sin ar aon bhealach teorainn thiomantas Rialtas na Ríochta Aontaithe do Thuaisceart Éireann. Ní iarrtar ná ní cheanglaítear ar na páirtithe na tiomantais sin a thabhairt. Is faoi chúram Rialtas na Ríochta Aontaithe amháin í an iarscríbhinn seo.**

# Iarscríbhinn A: Tiomantais Rialtas na Ríochta Aontaithe do Thuaisceart Éireann

*Léirítear sa nóta seo na tiomantais a dhéanfadh Rialtas na Ríochta Aontaithe don Fheidhmeannas athbhunaithe agus chun tacú le Tuaisceart Éireann ilghnéitheach, rathúil i gcomhthéacs comhaontú a bheadh sroichte.*

Tugann Rialtas na Ríochta Aontaithe urraim iomlán agus tá sé tiomanta do chur chun feidhme iomlán Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) agus a chomharbais. Beidh Rialtas na Ríochta Aontaithe diongbháilte i gcónaí ar áit Thuaisceart Éireann a chothú laistigh den Aontas de réir mianta atá léirithe go daonlathach ag muintir Thuaisceart Éireann.

Leagtar amach sa nóta seo an tiomantas a rinne Rialtas na Ríochta Aontaithe chun tacú le Feidhmeannas athbhunaithe agus chun tacú le Tuaisceart Éireann atá ilghnéitheach agus rathúil.

## Ag tacú leis na hinstitiúidí

1. Tá an Rialtas tiomanta go hiomlán d'institiúidí uile Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta), lena n-áirítear an Feidhmeannas, an Tionól, an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus Comhairle na Breataine-na hÉireann. Chun tacú le barrfheidhmiú na n-institiúidí, bunóidh an Rialtas toscaireacht Comh-aireachta faoi dhó sa bhliain le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann chun comhoibriú agus comhar a fheabhsú.

2. Déanfaidh an Rialtas athbhreithniú leanúnach ar oibriú leanúnach an tsásra athchóirithe maidir le hAchainí ar Bhonn Ábhar Buartha. Tabharfaidh an Rialtas tuairisc gach sé mhí ar oibriú leanúnach na hAchainí ar Bhonn Ábhar Buartha agus cuirfidh sé cóip den athbhreithniú faoi bhráid dhá Theach na Parlaiminte agus, roimh dheireadh an tsainchúraim seo ar an Tionól, foilseoidh sé a chonclúidí ar cibé an bhfuil gá le tuilleadh athchóirithe.

3. Leagtar amach in Iarscríbhinn A na réimsí tacaíochta airgeadais breise a gheofar ó Rialtas na Ríochta Aontaithe agus na coinníollacha a bheadh ag gabháil leis. Chuirfí na figiúirí beachta den tacaíocht airgeadais i gcrích i gcomhar leis na páirtithe go mear sna laethanta beaga amach romhainn i gcomhthéacs comhaontú chun an Feidhmeannas agus an Tionól a athbhunú.

## An geilleagar a neartú

4. Feabhsófar an cúnamh ó ranna Rialtas na Ríochta Aontaithe a thacaíonn le gnó i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear DIT, ag obair i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear InvestNI. Áireofar air sin tacú le soláthar phlean Trádála Idirnáisiúnta Thuaisceart Éireann, bunófar Bord nua Comhairleach Trádála, ceapfar Ambasadóirí Trádála do Thuaisceart Éireann, agus forbrófar Plean Neartaithe Trádála agus feachtas "Déanta i dTuaisceart Éireann".

5. Óstálfar cruinniú bliantúil den Bhord Trádála i dTuaisceart Éireann agus eagrófar misin trádála chomhpháirteacha le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe.

6. Cuirfear Tuaisceart Éireann chun cinn ar mhol cibearshlándála domhanda, ag tógáil ar a mheascán de thallann den chéad scoth, i gceannas ar shaineolas san eolaíocht fhóiréinseach, agus scoth an taighde teicneolaíochta chun 5,000 gairmí cibearshlándála a bhaint amach i dTuaisceart Éireann faoin mbliain 2030.

7. Déanfar scópáil ar mhol Thuaisceart Éireann a bhunú i Londain – ag comhlánú Mhol Londan i gcomhair Infheistíochta i dTuaisceart Éireann – chun deis mhéadaithe a thabhairt le haghaidh rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara Thuaisceart Éireann i Londain. Ag an am céanna, déanfar iniúchadh ar mhol de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe a chruthú i dTuaisceart Éireann chun infheictheacht agus inrochtaineachta ranna de chuid Rialtas na Ríochta Aontaithe i dTuaisceart Éireann a mhéadú.

### *An caidreamh leis an Aontas Eorpach sa todhchaí*

8. Aithníonn Rialtas na Ríochta Aontaithe an tábhacht atá do Thuaisceart Éireann sna caibidlíochtaí leis an Aontas Eorpach ar chaidreamh nua trádála, agus ar chur chun feidhme an Phrótacail maidir leis an gComhaontú Aistarraingthe ar Thuaisceart Éireann agus ar Éirinn. Thugamar tiomantas cheana féin lena chinntiú go mbeidh Margadh Nua ann do Thuaisceart Éireann ar fhágáil an Aontais Eorpaigh dúinn, ag uasmhéadú deiseanna trádála agus infheistíochta. Tá an Rialtas diongbháilte an margadh ceart a fháil do Thuaisceart Éireann agus don Ríocht Aontaithe ina hiomláine, agus chuirfeadh sé fáilte roimh dhlúth-rannpháirtíocht le Feidhmeannas athbhunaithe maidir le tosaíochtaí Thuaisceart Éireann sa chéad chéim eile.

9. Mar aitheantas air sin, cinnteoidh an Rialtas go bhfaighidh ionadaithe ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann cuireadh a bheith mar cuid de thoscaireacht na Ríochta Aontaithe in aon chruinnithe de Choistí Speisialta nó de na Comhchoistí den RA-AE a phléifidh nithe sonracha a bhaineann le Tuaisceart Éireann a bhfuil Rialtas na hÉireann ag freastal orthu freisin mar chuid de thoscaireacht an Aontais Eorpaigh.

10. Cuireann an Rialtas fáilte roimh an gcomhthoil a bhain na páirtithe go léir amach le déanamh maidir leis na cosaintí is mian leosan a fheiceáil sa trádáil idir Tuaisceart

Éireann agus an Bhreatain Mhór faoin bPrótacal. Tá an Rialtas tiomanta go hiomlán a chinntiú go mbeidh Tuaisceart Éireann fós mar chuid lárnach de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, ag teacht leis an ráthaíocht shoiléir sa Phrótacal go bhfanfaidh Tuaisceart Éireann i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe. Chun dul i ngleic leis na ceisteanna a tharraing na páirtithe anuas, rithfimid reachtaíocht chun rochtain gan srian a ráthú do ghnóthaí Thuaisceart Éireann ar mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe trí chéile, agus a chinntiú go mbeidh an reachtaíocht sin i bhfeidhm le haghaidh an 1 Eanáir 2021. Oibreoidh an Rialtas go sonrach le Feidhmeannas athbhunaithe ar bhearta chun margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe a chosaint agus a neartú.

11. Beidh sé mar aidhm againn caibidliú a chur ar an bun leis an Aontas Eorpach maidir le solúbthachtaí breise agus bearta praiticiúla ciallmhara thar gach gné den Phrótacal a fhaigheann tacaíocht ó ghrúpaí gnó i dTuaisceart Éireann agus saorshreabhadh na trádála a uasmhéadú. Tá an Rialtas meáite ar a chinntiú go mbainfidh gnóthaí Thuaisceart Éireann tairbhe as Comhaontuithe Saorthrádála nua na Ríochta Aontaithe a síníodh le tíortha eile, agus ar dhul i gcomhairle maidir le Feidhmeannas athbhunaithe, mar aon leis na riaracháin déabhlóidithe eile, maidir lenár mbeartas trádála i gcoitinne.

12. Mar chuid d'obair níos leithne ina scrúdaítear roghanna maoinithe chun tacú leis an ullmhacht chun socruithe nua trádála a dhéanamh leis an Aontas Eorpach agus chun tacaíocht a fháil do ghnóthaí, oibreoidh an Rialtas go sonrach leis an bhFeidhmeannas ar imthosca sainiúla Thuaisceart Éireann agus an Phrótacail.

## Ár dtiomantais a chur i gcrích

*Comhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta)*

13. Rinne an Rialtas athbhreithniú ar chomhleanúnachas ar a shocruithe imirce do theaghlaigh, ag cur ábhar agus spiorad Chomhaontú Bhéal Feirste san áireamh agus ag aithint nár chóir don bheartas dreasachtaí a chruthú maidir le saoránacht na Breataine a shéanadh i measc saoránach ar mian leo í a choinneáil.

14. Athróidh an Rialtas na rialacha lena rialaítear conas a thabharfaidh muintir Thuaisceart Éireann a ndaoine muinteartha chomh fada leis an Ríocht Aontaithe. Ciallóidh an t-athrú sin go mbeidh daoine muinteartha mhuintir Thuaisceart Éireann in ann iarratas a dhéanamh ar stádas inimirce sa Ríocht Aontaithe ar na téarmaí céanna a bheag nó a mhór le daoine muinteartha saoránach Éireannach sa Ríocht Aontaithe.

15. Beidh an stádas inimirce ar fáil do dhaoine muinteartha mhuintir Thuaisceart Éireann ar fad, is cuma má tá saoránacht Bhriotanach nó Éireannach acu nó an dá cheann, is cuma cén t-aitheantas atá acu.

*Comhaontú Theach Stormont*

16. Mar chuid de chlár oibre reachtúil níos leithne an Rialtais, foilseoidh agus tabharfaidh an Rialtas isteach reachtaíocht laistigh de 100 lá i bParlaimint na Ríochta Aontaithe chun Comhaontú Theach Stormont a chur chun feidhme chun dul i ngleic le ceisteanna oidhreachta i dTuaisceart Éireann. Tosóidh an Rialtas ag obair ar dhian-phróiseas anois le páirtithe Thuaisceart Éireann, agus le Rialtas na hÉireann mar is cuí, chun comhthoil leathan a chothú maidir leis na ceisteanna sin, ag aithint gur chóir do reachtaíocht mar sin ó Pharlaimint na Ríochta Aontaithe comhthoil Thionól Thuaisceart Éireann a bheith aige.

*An Comhaontú Tús Úrnua*

17. Leanfar ag cinntiú go mbeidh na hacmhainní cuí ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus ag dreamanna eile chun déileáil le gníomhaíocht sceimhlitheoireachta agus paraimíleatachais; cuirfear maoiniú ar fáil chun obair an Chláir chun Dul i nGleic le Gníomhaíocht Paraimíleatachais, Coireacht agus Coireacht Eagraithe a chinntiú, agus athdhúblófar na hiarrachtaí chun dul i ngleic le tiomantais a éireoidh ó Thuarascáil an Phainéil Tús Úrnua maidir le Scor na nGrúpaí Paraimíleatacha i dTuaisceart Éireann.

*Ár dtiomantais d'iarshaighdiúirí*

18. Tabharfar isteach reachtaíocht ar fud na Ríochta Aontaithe chun Cúnant na bhFórsaí Armtha a chuimsiú tuilleadh sa dlí agus tacú le cur chun feidhme iomlán Chúnant na bhFórsaí Armtha.

19. Ceapfar Coimisinéir Iarshaighdiúirí Thuaisceart Éireann chun gníomhú mar phointe teagmhála neamhspleách chun tacú le torthaí d'iarshaighdiúirí i dTuaisceart Éireann agus iad a fheabhsú.

20. Tionscnófar athbhreithniú ar an tSeirbhís Iarchúraim i dTuaisceart Éireann (ACS), a bhreithneoidh cibé ar chóir sainchúram ACS a leathnú chun iarshaighdiúirí uile Fhórsaí na Banríona atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann a bhfuil gortaithe a bhaineann le seirbhís acu, a chumhdach.

21. Cinnteofar go ndéanfar poiblíocht níos fearr ar obair Iontaobhas Cuimhneacháin an Chogaidh a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn cuimhneacháin chogaidh ar fud na Ríochta Aontaithe agus go dtuigtear an obair sin i dTuaisceart Éireann.

## Cultúr, oidhreacht agus sochaí Thuaisceart Éireann a chur chun cinn

22. Oibreoimid in éineacht leis an bhFeidhmeannas athbhunaithe chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain Thuaisceart Éireann in 2021 i spiorad cóimheasa, uilechuimsitheachta agus comhréitigh ag teacht leis na prionsabail i gcomhair cuimhneacháin. Fágfaidh an cur chuige sin maidir leis an gcomóradh céad bliain go mbeidh deis ann machnamh a dhéanamh ar an am atá caite, agus tógáil don todhchaí

freisin, laistigh de Thuaisceart Éireann, ar fud na Ríochta Aontaithe, ar fud oileán na hÉireann agus go hidirnáisiúnta. Cuirfimid maoiniú ar fáil chun tacú le roinnt tionscadal chun an comóradh céad bliain a cheiliúradh. Áireofar air sin aitheantas náisiúnta agus feasacht idirnáisiúnta ar an gcomóradh suntasach seo a éascú, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar thionscadail amhail an Ciste Staire Comhroinnte, athchóiriú Craigavon House, agus Foraois Mhór Uladh.

23. Tabharfar tacaíocht do chainteanna le NI Screen chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a fhéadfar saindualgas Chiste Craolacháin na hUltaise agus Ciste Craolacháin na Gaeilge a leathnú, agus maoiniú a mhéadú don dá chiste mar léiriú ar aon saindualgas leathnaithe.

24. Tabharfar aitheantas don Ultais mar mhionlach náisiúnta faoin gCreat-Choinbhinsiún um Chosaint Mionlach Náisiúnta.

25. Cuirfear maoiniú ar fáil chun Fondúireacht Chaisleán Riabhaigh a bhunú, ciste chun tacú le taighde acadúil trí Ollscoileanna agus comhpháirtithe eile chun iniúchadh a dhéanamh ar aitheantas agus ar phatrúin athraithe na féiniúlachta sóisialta i dTuaisceart Éireann.

26. Cuirfear maoiniú ar fáil chun ciste Cultúir agus Pobail a bhunú chun tacú le léiriú aitheantais agus chun forbairt chultúrtha a chur chun cinn sa réigiún agus níos faide ó bhaile, ag tacú le grúpaí éagsúla ag léiriú an chultúir, na n-ealaíon agus na hoidhreachta, agus hallaí agus bannaí pobail.

27. Nuashonrófar Rialacháin na mBratach (Tuaisceart Éireann) 2000 chun an liosta de laethanta foluain bratach a ainmniú ó fhoirgnimh rialtais agus thithe cúirte Thuaisceart Éireann ar aon dul le laethanta ainmnithe DCMS, rud a chiallaíonn go mbeidh aird ar na laethanta ainmnithe céanna i dTuaisceart Éireann leis an gcuid eile den Ríocht Aontaithe amach anseo. Leis sin cuirfear trí lá ainmnithe leis.

28. Éascófar bunú cláir nasctha don seomra ranga chun deis a thabhairt do dhaoine óga i dTuaisceart Éireann nascadh, a bheith rannpháirteach agus comhoibriú le daoine óga eile ar fud na Ríochta Aontaithe, chomh maith le clár malairtí idirchultúrtha do dhaoine óga idir réigiúin na Ríochta Aontaithe chun tacaíocht a thabhairt do naisc chultúrtha mhéadaithe agus tuiscint ar éagsúlacht an aitheantais agus an chultúir laistigh den Ríocht Aontaithe.

29. Cothófar naisc níos daingne agus comhoibriú níos fearr thar raon earnálacha sa Ríocht Aontaithe, turasóireacht, spórt agus cultúr go príomha. Ciallóidh sé sin go meallfar punann imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí thairiscint bheartaithe don Ríocht Aontaithe-Éirinn a fhorbairt le haghaidh Chorn FIFA an Domhain, 2030.

30. Éascóimid bunú tionscadail teacht abhaile, ag neartú nasc agus caidreamh le diaspóra agus alumnas Thuaisceart Éireann ar fud an domhain mhóir, a chothófar chun an

tuiscint atá ar Thuaisceart Éireann a fheabhsú agus an cúnamh a thugann sé ar an stáitse idirnáisiúnta mar aon le deiseanna eacnamaíocha a iniúchadh.

# Iarscríbhinn A: Tiomantais Airgeadais agus Eacnamaíocha Rialtas na Ríochta Aontaithe do Thuaisceart Éireann

I gcomhthéacs comhaontaithe chun Feidhmeannas Thuaisceart Éireann a athbhunú, cuirfidh Rialtas na Ríochta Aontaithe an tacaíocht bhreise airgeadais ar fáil a leagtar amach san iarscríbhinn seo, faoi réir na gcoinníollacha a liostaítear.

Níl feidhm leis na tiomantais sin ach amháin sa chás go n-athbhunaítear an Feidhmeannas leis an socrú seo. Mura n-athbhunaítear an Feidhmeannas, ní thabharfar an tacaíocht bhreise a leagtar amach anseo. Sa chás sin, caithfidh Rialtas na Ríochta Aontaithe scrúdú a dhéanamh ar na bearta ardaithe ioncaim breise agus na bearta eile a theastóidh chun buiséad Thuaisceart Éireann a chothromú.

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na réimsí a chumhdófar i dtiomantas airgeadais Rialtas na Ríochta Aontaithe, agus na coinníollacha a bheadh ag gabháil leo. Chuirfí na figiúirí beachta den tacaíocht airgeadais i gcrích go tapa sna laethanta beaga amach romhainn i gcomhthéacs Feidhmeannais agus Tionóil athbhunaithe.

Beidh ceithre phríomhghné ag baint leis an bpacáiste airgeadais: tacaíocht láithreach don tseirbhís sláinte agus chun dul i ngleic le brú buiséid; infheistíocht chun seirbhísí poiblí a athrú ó bhonn; soláthar bonneagair a mhórchumhachtú i dTuaisceart Éireann; agus dul i ngleic le tosca sainiúla Thuaisceart Éireann. Tá an infheistíocht seo ann in éineacht leis an bpacáiste airgeadais ar leithligh atá á chur chun cinn ag Rialtas na hÉireann.

Beidh coinníollacha géara ag gabháil leis an bpacáiste airgeadais seo chun leibhéal níos mó cuntasachta a sholáthar le haghaidh caiteachas poiblí agus a chinntiú go bhfuil Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ag tógáil seirbhísí poiblí inbhuanaithe do na daoine go léir i dTuaisceart Éireann. Áirítear leis sin tiomantais d'athchóiriú, monatóireacht agus tuairisciú neamhspleách ar fheidhmíocht an Fheidhmeannais, agus ról do Rialtas na Ríochta Aontaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme agus ar chomhaontuithe roimhe seo.

## Tacaíocht bhreise a thabhairt don Fheidhmeannas le haghaidh 2020/21, agus ag dul i ngleic leis an ngéarchéim sláinte

*Ag aithint na ndúshlán sainiúil atá os comhair sheirbhísí poiblí Thuaisceart Éireann mar aon le tacaíocht a thabhairt do réiteach dhíospóid pá na n-altraí.*

- Ag soláthar **maoiniú breise don Fheidhmeannas in 2020/21** chun am a thabhairt don Fheidhmeannas airgead Thuaisceart Éireann a chur ar bhonn inbhuanaithe agus dul i ngleic lena thosaíochtaí, ar nós cothroime le Sasana agus an Bhreatain Bheag a sholáthar maidir le pá altraí – ag cur deireadh leis an díospóid leanúnach maidir le pá altraí.

### Seirbhísí altraí a athrú ó bhonn

*Athchóiriú a sholáthar i mbunseirbhísí poiblí na sláinte, an oideachais agus an cheartais.*

- Infheistíocht a dhéanamh **chun seirbhísí poiblí a athrú ó bhonn**, lena n-áirítear:
  - **Seirbhísí sláinte** – ag tacú le cur chun feidhme iomlán athbhreithniú Bengoa, na tuarascálacha claochlaithe cúram sláinte ‘Delivering Together’ agus ‘Power to People’ agus tuilleadh cúraim a sholáthar sa phobal.
  - Feabhsuithe agus athchóirithe chun **córas oideachais níos fearr agus níos éifeachtúla** a sholáthar – lena n-áirítear trí athbhreithniú seachtrach, neamhspleách ar sholáthar oideachais.
  - **Ceartas níos tapúla, níos cothroime a chinntiú**, ag cur athchóiriú cimithe chun feidhme a rachaidh chun tairbhe íospartach agus finnéithe, agus a laghdóidh athchiontú agus a chuirfidh pobail níos sábháilte ar fáil.

### Bonneagar a mhórchumhachtú

*Bainfidh an Feidhmeannas tairbhe as maoiniú méadaithe d’infheistíocht i mbonneagar caipitil mar thoradh ar réabhlóid bonneagair Rialtas na Ríochta Aontaithe.*

- Cuirfidh maoiniú bonneagair ar chumas an Fheidhmeannais infheistiú i raon tionscadail chaipitil ionchais ar nós na gcinn seo a leanas:
  - infheistíocht bhunriachtanach i séarachas (an clár *Living With Water*);
  - An straitéis 'Better Connecting Dublin and Belfast;
  - Na bóithre A5/A6;
  - Acomhal York Street;
  - Droichead Chaol Uisce; agus
  - Maoiniú caipitil agus acmhainní don Scoil Mhíochaine i nDoire faoi réir fhaomhadh Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann don tionscadal.
- Aontaíonn Rialtas na Ríochta Aontaithe go bhfeidhmeoidh sé solúbthacht airgeadais chun athphróifíliú a dhéanamh ar mhaoiniú a cuireadh ar fáil mar chuid den Chomhaontú Tús Úrnua le haghaidh oideachas agus tithíocht chomhroinnte chomhtháite.

## Comhaontú Theach Stormont a chur chun feidhme

*Cuirfidh an Rialtas maoiniú ar fáil chun tacú le tograí Chomhaontú Theach Stormont a chur chun feidhme maidir le hoidhreacht.*

- Maoiniú chun tacú le cur chun feidhme na dtograí i gComhaontú Theach Stormont maidir le hoidhreacht.

## Ag dul i ngleic le tosca sainiúla Thuaisceart Éireann

*Cuirfidh an Rialtas maoiniú ar fáil le haghaidh raon tionscadal a mbeidh sé mar aidhm acu tacú le tionscnaimh pobail agus athmhuintearais chun srianta a bhaint, muintir Thuaisceart Éireann a thabhairt le chéile agus sochaí níos sábháilte, níos sláine a chruthú i dTuaisceart Éireann. D'fhéadfaí réimsí mar iad seo a leanas a áireamh:*

- maoiniú breise chun **tacú le meabhairshláinte** thar imeacht trí bliana;
- maoiniú breise chun **dul i ngleic leis an bparaimíleatachas**;
- ciste chun tacú le Feidhmeannas nua chun **dul i ngleic le díothú agus deis a fheabhsú**;
- **Ciste Cultúir agus Pobail**;
- maoiniú chun tacú leis an **gcomóradh céad bliain 2021 agus tionscadail ghaolmhara**;
- tacaíocht **do theangacha agus craolachán**;
- tacaíocht do na **fórsaí armtha agus d'iarshaighdiúirí**, lena n-áirítear maoiniú le haghaidh Choimisinéir nua na nIarshaighdiúirí;
- **ciste chun iomaíochas gheilleagar Thuaisceart Éireann a chur chun cinn,** lena n-áirítear trí mhisin trádála agus an feachtas GREAT;
- maoiniú breise chun tacú le **hionad andúile Dhoire** agus;
- Rannchuidiú na Ríochta Aontaithe don **Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn**.

## Coinníollacha Thiomantais Airgeadais Rialtas na Ríochta Aontaithe mar Thaca le Feidhmeannas Athbhunaithe Thuaisceart Éireann

Tá roinnt coinníollacha ag gabháil leis an bpacáiste maoinithe seo a dearadh chun a chinntiú go rannchuidíonn maoiniú Rialtas na Ríochta Aontaithe leis an inbhuanaitheacht fhioscach agus bhuiséadach fhoriomlán a mhéadú in airgead poiblí Thuaisceart Éireann. Beidh an maoiniú ag brath ar fheidhmiú na n-institiúidí agus déanfar an maoiniú go léir a chuirtear ar fáil sa phacáiste airgeadais seo a tharraingt siar má thiteann na hinstitiúidí as a chéile.

***Coinníollacha chun cobhsaíocht bhuiséadach, fhioscach agus pholaitiúil a chur chun cinn:***

- Bunófar Comhairle Fhioscach neamhspleách i dTuaisceart Éireann faoi mhí Iúil 2020. De réir an Chomhaontaithe Tús Úrnua, comhaontófar ballraíocht agus téarmaí tagartha na Comhairle seo le Rialtas na Ríochta Aontaithe. Dhéanfadh sé na rudaí seo a leanas:
    - d’ullmhódh sé measúnú bliantúil ar shruthanna ioncaim agus ar thograí caiteachais an Fheidhmeannais agus an chaoi a dtugann siad seo deis don Fheidhmeannas a mbuiséad a chothromú;
    - d’ullmhódh sé tuarascáil bhliantúil eile ar inbhuanaitheacht airgead poiblí an Fheidhmeannais, lena n-áirítear na himpleachtaí a bheadh ag beartas caiteachais agus ag éifeachtacht na mbeart éifeachtúlachta fadtéarmaí; agus
    - d’aontódh sé a bhallraíocht agus a théarmaí tagartha le Rialtas na Ríochta Aontaithe.
- Ó 2021/22 cuirfidh an Feidhmeannas buiséid ilbhliantúla i bhfeidhm (trí bliana ar a laghad) i gcás ina bhfuil maoiniú ilbhliantúil curtha ar fáil ag Rialtas na Ríochta Aontaithe. Tá an Feidhmeannas meáite ar bhuiséad cothrom a sholáthar do Thuaisceart Éireann agus céimeanna a ghlacadh chun airgead Thuaisceart Éireann a chur ar bhunús inbhuanaithe.
- Déanfaidh Rialtas na Ríochta Aontaithe athbhreithniú cúramach ar thorthaí Thuarascáil an Fhiosruithe ar an Dreasacht Teasa In-Athnuaite, agus déanfaidh sé a mhachnamh ar na himpleachtaí d’úsáid an airgid phoiblí i dTuaisceart Éireann, cuntasacht, agus freagracht Rialtas na Ríochta Aontaithe i gcoitinne chun an leas poiblí a chur san áireamh i ndea-rialachas agus sa riarachán poiblí.

***Coinníollacha chun athrú inbhuanaithe ó bhonn a chur chun cinn i seirbhísí poiblí:***

- Déanfar athbhreithnithe rialta (ráithiúla) ar mhaoiniú Rialtas na Ríochta Aontaithe a chuirtear ar fáil faoin gcomhaontú seo, agus cur chun feidhme na gcomhaontuithe ar fad trí Bhord Comhpháirteach Rialtas na Ríochta Aontaithe-Feidhmeannas

Thuaisceart Éireann. Tionólfaidh Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann é sin agus beidh an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire bainteach leis.

- Mar chuid dá Théarmaí Tagartha bheadh maoirsiú ar iarrachtaí athraithe ó bhonn i sláinte, in oideachas agus i gceartas ag an mBord Comhpháirteach agus tharraingeoidís ar mhaoiniú faoin gcomhaontú seo (ní thiocfaidh sé sin in áit ceaduithe eile a bhíonn ag teastáil de ghnáth). Mar chuid den mhaoirsiú sin choinneodh an Bord struchtúir soláthair cúram sláinte faoi athbhreithniú i dTuaisceart Éireann agus bheadh sé in ann fochoiste ar leithligh a bhunú chun machnamh a dhéanamh ar athrú sláinte go háirithe, ag tarraingt ar shaineolas seachtrach de réir mar is cuí. Bhreithneodh an Bord éifeachtacht an tsoláthair bonneagair freisin, lena n-áirítear ag tarraingt ar shaineolas ón Údarás Bonneagair agus Tionscadal de réir mar is cuí.

# Iarscríbhinn B: Tiomantais Rialtas na hÉireann

**Leagtar amach san iarscríbhinn seo a leanas tiomantais Rialtas na hÉireann i gcomhthéacs comhaontú a bheith sroichte mar thaca le comhoibriú, nascacht agus deis Thuaidh-Theas níos mó ar an oileán, ag obair i gcomhpháirt le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe, ag teacht le tiomantas leanúnach Rialtas na hÉireann do Chomhaontú Aoine an Chéasta. Ní iarrtar ná ní cheanglaítear ar na páirtithe na tiomantais sin a thabhairt. Is faoi chúram Rialtas na hÉireann amháin í an iarscríbhinn seo.**

# Iarscríbhinn B: Tiomantais Rialtas na hÉireann

*Leagtar amach sa nóta seo tiomantais a thug Rialtas na hÉireann i gcomhthéacs comhaontú a bheith sroichte mar thaca le comhoibriú, nascacht agus deis níos mó Thuaidh-Theas ar an oileán, ag obair i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus le Rialtas na Ríochta Aontaithe.*

Is deis thábhachtach ollmhór é athbhunú Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, Thionól Thuaisceart Éireann agus Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le feidhmiú chun clár uaillmhianach agus dearfach a leagan amach le haghaidh mhuintir Thuaisceart Éireann ar fad, ar oileán na hÉireann Thuaidh agus Theas, mar aon le Thoir-Thiar ar na hoileáin sin.

Ar an iomlán, ba chóir dó sin dul i ngleic leo seo a leanas:

- nascacht agus bonneagar;
- infheistíocht san Iarthuaisceart agus i bpobail ar an teorainn;
- taighde agus nuálaíocht;
- dúshláin straitéiseacha, lena n-áirítear an Breatimeacht agus Athrú Aeráide;
- teanga agus cultúr; agus
- athmhuintearas.

Oibreoidh Rialtas na hÉireann le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas, chun cabhrú le tionscadail a sholáthar a rachaidh chun tairbhe daoine ar fud an oileáin.

Tá an Rialtas réidh freisin le bheith rannpháirteach go stuama i bplé maidir leis an gcaoi ar féidir le Comhairle na Breataine-na hÉireann a cuid oibre a fhorbairt sa todhchaí, i gcomhthéacs an Bhreatimeachta, ag cur obair leanúnach Rúnaíocht na Comhairle san áireamh chun roghanna a bhreithniú sa chomhthéacs seo.

Tá Rialtas na hÉireann fós tiomanta freisin do chruinnithe de Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann a thionól ag eatraimh rialta.

Bunóidh Rialtas na hÉireann grúpa oibre ina gcuimseofar ionadaithe ó Chumann Idirpharlaiminteach Thuaidh Theas chomh maith le Cléireach na Dála chun moltaí a bhreithniú agus a dhéanamh laistigh de shé mhí a bheidh dírithe ar chaidrimh pharlaiminteacha Thuaidh Theas a fhorbairt.

## Nascacht agus Bonneagar

Go sonrach, mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, déanfaidh an Rialtas nuashonrú agus feabhas ar a thiomantas chun maoiniú comhpháirteach a dhéanamh ar infheistíocht trasteorann a luaithe is a bheidh na hinstitiúidí comhroinnte cumhachta ar ais ag obair arís.

Is mian leis an Rialtas oibriú le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus le Rialtas na Ríochta Aontaithe chun nascacht níos mó a bhaint amach ar an oileán seo – ar bóthar, ar iarnród agus san aer.

Creidimid gur deis láithreach atá anseo chun bogadh ar aghaidh go tapa le chéile chun pleananna a sholáthar le príomhthionscadail bonneagair a chur i gcrích, lena n-áirítear an nasc A5 agus Canáil Uladh ó Chluain Eois go Loch Éirne Uachtair. Soláthróidh an Rialtas a thiomantais maoinithe ar na tionscadail sin, lena n-áirítear £75 milliún ar an iomlán suas go dtí 2022 don A5.

Tugann Rialtas na hÉireann tacaíocht do mhachnamh trom agus mionsonraithe i gcomhar a dhéanamh tríd an NSMC ar an bhféidearthacht maidir le nasc iarnróid ardluais idir Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Corcaigh, ag cruthú croílár nascachta ar an oileán, a d'fhéadfaí a bhrú chun cinn ar bhonn tosaíochta. Tá an Rialtas réidh freisin chun dul chun cinn comhpháirteach a dhéanamh ar roghanna a bhreithniú chun tionscadal dhroichead Chaol Uisce a fhorbairt ag an NSMC.

Tá sé beartaithe ag Rialtas na hÉireann freisin athbhreithniú ar an deis atá ag an Rialtas tacú le bealaí aeir inmharthana nua ó Chorcaigh go Béal Feirste agus ó Bhaile Átha Cliath go Doire a bhrú chun cinn, ag obair le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann chun naisc fheabhsaithe a sholáthar mar thosaíocht.

Creidimid go bhfuil ionchas láithreach ollmhór ann le haghaidh tionscadail eile, lena n-áirítear Glasbhealaí i limistéir na teorann, ar nós Ghlasbhealach Shligigh-Inis Ceithleann. Táimid réidh chun machnamh a dhéanamh ar iarratas maoinithe forbartha eile a chur isteach i mí Eanáir agus táimid tiomanta an tionscadal seo a chur ar aghaidh chun turasóireacht inbhuanaithe agus tairbhithe fiontraíochta eile a sholáthar don réigiún.

## Infheistíocht san Iarthuaisceart agus i bPobail ar an Teorainn

Aithníonn Rialtas na hÉireann go hiomlán an gá atá le hinfheistíocht agus forbairt bhreise i gceantair ar an teorainn.

Thug Rialtas na hÉireann raon leathan cláir tacaíochta isteach le haghaidh earnáil na fiontraíochta agus gnó agraibhia, lena n-áirítear Scéim Iasachta an Bhreatimeachta ar fiú €300 milliún í, an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí ar fiú €300 milliún í, Scórchárta

Breatimeachta Fhiontraíocht Éireann, Baraiméadar an Bhreatimeachta de chuid an Bhoird Bia, agus Dearbháin Breatimeachta Idir-Thrádáil Éireann. Tá an Rialtas ag leanúint den obair ullmhúcháin freisin le haghaidh gníomhaíochtaí maolaithe an Bhreatimeachta faoi Bhuiséad 2020 agus maoiniú spriocdhírithe do na hearnálacha is mó a ndéanfaí difear dóibh i gcás nach dtiocfaí ar aon mhargadh don Bhreatimeacht.

D'aithin an Rialtas freisin go bhfuil gá le hinfheistíocht straitéiseach i réigiún an Iarthuaiscirt go háirithe, agus go bhfuil argóint shoiléir ann chun comhoibriú agus naisc thrasteorann a fheabhsú tuilleadh, ar mhaithe le cách.

Cuireann Rialtas na hÉireann fáilte roimh fhógra Rialtas na Ríochta Aontaithe go bhfuiltear le suas le £105 milliún a infheistiú i nDoire agus san Iarthuaisceart trí Shocrú Chathair Dhoire agus an tSratha Báin agus an Ciste do Thodhchaí Chuimsitheach. Tá Rialtas na hÉireann tiomanta d'iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta a thacóidh tuilleadh le deiseanna chun rathúnas eacnamaíoch níos mó agus tairbhithe sóisialta a thabhairt chomh fada leis an réigiún i gcoitinne.

Sa chomhthéacs sin, cuireann Rialtas na hÉireann fáilte roimh fhorbairt pleananna le haghaidh soláthar nua ardoideachais i nDoire. Is féidir leis an infheistíocht sin tacú le tuilleadh rochtana ar oideachas tríú leibhéal do dhaoine óga ar bhonn trasteorann, comhoibriú breise a chumasú idir institiúidí tríú leibhéal san Iarthuaisceart, lena n-áirítear i dtaighde agus i nuálaíocht, agus a bheith mar bhonn is mar thaca ag forbairt agus ag deiseanna eacnamaíocha níos leithne sa réigiún. Tá an Rialtas toilteanach i bprionsabal rannchuidiú le hinfheistíocht chaipitil chun tacú le soláthar leathnaigh ag Campas Coláiste Mhig Aoidh, Ollscoil Uladh, mar aon leis an tiomantas a rinneadh mar chuid den chomhaontú seo a rinne Rialtas na Ríochta Aontaithe. Táimid ag tnúth le luathphlé a dhéanamh ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas maidir leis an infheistíocht chomhordaithe sin a thabhairt céim ar aghaidh chun an tionscadal riachtanach seo a sholáthar do réigiún an Iarthuaiscirt.

### *Comhpháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt*

Tá Rialtas na hÉireann fós tiomanta do leanúint le tacaíocht a thabhairt d'obair Chomhpháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt, agus tá sé tiomanta i bprionsabal chun maoiniú breise a sholáthar do Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt i gcomhar le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.

Tá an Rialtas réidh le leanúint leis na cainteanna trí Chomhpháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt ar phríomhthionscadail i gcomhair fostaíochta agus forbairt inbhuanaithe sa réigiún, lena n-áirítear tionscnamh Thionscadal Gairdíní an Fheabhail.

## Taighde agus Nuálaíocht

Táimid ag tnúth le tograí a fhorbairt le haghaidh clár feabhsaithe taighde agus nuálaíochta Thuaidh Theas, i gcomhar le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann tríd an NSMC.

Bheadh suim ag an Rialtas iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le mol taighde uile-oileáin, i gcomhar le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha, Thuaidh agus Theas.

## Dúshláin Straitéiseacha

Creideann an Rialtas freisin gur féidir leis an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas idirphlé tábhachtach dírithe ar ghníomh a thabhairt ar aghaidh i gcomhthéacs impleachtaí an Bhreatimeachta, mar aon le dúshláin straitéiseacha eile do na hoileáin sin, lena n-áirítear comhoibriú agus comhordú uile-oileáin chun dul i ngleic le cliseadh na haeráide.

Is cuid riachtanach de na Comhlachtaí Thuaidh Theas de chomhoibriú uile-oileáin a sholáthar mar chuid lárnach de Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá an Rialtas réidh le cainteanna a thosú arís leis an bhFeidhmeannas maidir leis an gcéad tréimhse eile de threoir pleanála corparáidí le haghaidh na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus ar acmhainní riachtanacha laistigh de pharaiméadair bhuiséadacha níos leithne.

## Teanga agus Cultúr

Cuireann Rialtas na hÉireann fáilte roimh chomhaontú na bpáirtithe i dTuaisceart Éireann maidir leis an mbealach chun cinn ar cheisteanna teanga agus cultúir, le cur chun feidhme ag an bhFeidhmeannas agus ag an Tionól mar ábhar tosaíochta.

Tá an Rialtas fós tiomanta d’obair na gcomhlachtaí teanga Thuaidh Theas agus do chur chun cinn na Gaeilge.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Rialtas soláthar le haghaidh maoiniú breise thar imeacht trí bliana le rannchuidiú le Ciste Craolacháin na Gaeilge, agus maoiniú le haghaidh clár poiblíochta ag an gCiste Infheistíochta Gaeilge le soláthar i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail trí mheán na Gaeilge, Glór na nGael agus an scéim Gaelbhratach. Cuirfear maoiniú ar fáil freisin chun Líonraí Gaeilge a fhorbairt.

## Athmhuintearas

### *An Ciste Idirnáisiúnta d’Éirinn*

Mar aitheantas do na dúshláin áirithe atá fós os comhair Thuaisceart Éireann agus cumais shainiúla an Chiste Idirnáisiúnta d’Éirinn chun oibriú go héifeachtach do gach pobal i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann, tá an Rialtas tiomanta i bprionsabal do mhaoiniú suntasach nua don Chiste, ag obair le comhpháirtithe eile, chun tacú le seachadadh Straitéis an Chiste in 2021-2024.

### *An Ciste Athmhuintearais*

Coinneoidh an Rialtas freisin an leibhéal feabhsaithe maoinithe le haghaidh an Chiste Athmhuintearais ag €3.7 milliún in aghaidh na bliana mar thacaíocht do thionscadail i dTuaisceart Éireann agus i gceantair ar an teorainn, agus fócas ar na pobail is deacra dul i gcion orthu agus i bpobail imeallaithe i dtéarmaí díothú eacnamaíoch agus sóisialta.

Déanfaimid coimisiúnú freisin, i gcomhar leis an bhFeidhmeannas, ar staidéar chun na dúshláin a bhíonn os comhair pobal teorann a shainaithint, ag tabhairt aird faoi leith ar riachtanais mionlach i gcontaetha teorann, agus déanfaimid iniúchadh ar roghanna, lena n-áirítear sruthanna maoinithe tiomnaithe a bhunú, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa tacaíocht reatha.

### *PEACE PLUS*

Thug Éire tosaíocht leanúnach do leanúint den mhaoiniú EU PEACE lena n-áirítear trí rannpháirtíocht leanúnach ar leibhéal AE. Leanfaimid ag obair lenár gcomhpháirtithe san AE agus le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann chun a chinntiú go ndéanfar an clár PEACE PLUS, ag tógáil agus ag leanúint le hobair PEACE agus INTERREG araon, a sholáthar tríd an gComhlacht um Chláir Speisialta AE mar thacaíocht don athmhuintearas agus chun na deiseanna síochána do chách a chothú.

### *Clár Malartaithe Scoile Thuaidh Theas*

Ag tógáil ar chomh maith is a d’éirigh leis an treoirchlár le déanaí chun daltaí a thabhairt le chéile – as scoileanna ó Thuaidh agus ó Theas den Teorainn, ó phobail Náisiúnacha agus Aontachtacha, agus ó earnáil na Scoileanna Comhtháite – chun bualadh le chéile agus ceisteanna a bhíonn ag déanamh imní dóibh ar fad a phlé, agus cuairt a thabhairt ar láithreáin atá ábhartha ar bhonn stairiúil comhroinnte suntasach, leathnóimid an scéim thar shaolré an chéad Rialtais eile agus beidh sé mar sprioc againn 100 teagmháil trasteorann den sórt sin in aghaidh na bliana a bhaint amach laistigh de chlár cúig bliana.

### *Comhaontú Theach Stormont*

Dearbhaíonn an Rialtas a thiomantas d’oibriú le Rialtas na Ríochta Aontaithe chun tacú le bunú institiúidí oidhreachta Chomhaontú Theach Stormont ar bhonn práinne, lena n-áirítear trí reachtaíocht chur chun feidhme riachtanach a thabhairt isteach san Oireachtas, chun déileáil le hoidhreacht na dTrioblóidí agus tacú leis an athmhuintearas, ag freastal ar na riachtanais agus ionchais dhlisteanacha a bhíonn ag íospartaigh agus ag marthanóirí.